NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Dréachtsonraíocht Curaclaim Oideachais Ealaíon

## Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

## Le faomhadh i gcomhair comhairliúcháin



Márta 2024

# Clár an Ábhair


1. RÉAMHRÁ ....................................................................................................1

2. RÉASÚNAÍOCHT...........................................................................................5

3. AIDHMEANNA...............................................................................................7

4. SNÁITHEANNA.............................................................................................8

5. TORTHAÍ FOGHLAMA.................................................................................10

6. AN CURACLAM OIDEACHAIS EALAÍON I GCLEACHTAS.........................21

7. LEAGAN AMACH NA NUIRLISÍ ÚSÁIDE OIDEACHAIS EALAÍON..............38

8. GLUAIS .......................................................................................................39

9. AGUISÍNÍ.....................................................................................................40

AGUISÍN A: FORBHREATHNÚ AR DHUL CHUN CINN NA GCOINCHEAP SAN EALAÍN ..........................................................................................................40

AGUISÍN B: FORBHREATHNÚ AR DHUL CHUN CINN COINCHEAP SA DRÁMAÍOCHT ..................................................................................................46

AGUISÍN A: FORBHREATHNÚ AR DHUL CHUN CINN NA GCOINCHEAP SA CHEOL ..............................................................................................................50

# 1. Réamhrá

Tacaíonn curaclam na bunscoile le foghlaim, teagasc, agus measúnú ar ardchaighdeán do gach páiste atá ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta. Aithníonn *Creatchuraclam na Bunscoile*[1] gur am é an bunoideachas le 'bheith' agus le 'héirí' – rud a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris shuimiúla, ábhartha, agus eispéiris do pháistí atá dúshlánach mar is cuí. Tá sé tábhachtach go mbaineann páistí taitneamh as na heispéiris seo agus go mbraitheann siad cumhachtaithe trí bheith rannpháirteach iontu san am atá i láthair, agus go n-ullmhaítear iad don fhoghlaim sna blianta amach rompu.

Tá ról tábhachtach ag Oideachas Ealaíon in oideachas iomlánaíoch na bpáistí. Trí thacú le forbairt ealaíonta agus chruthaitheach agus trína cur chun cinn, cuireann an curaclam ar chumas na bpáistí a bheith cruthaitheach, chun iad féin a chur in iúl, chun iniúchadh a dhéanamh ar a mothúcháin agus ar a smaointe agus ar dhearcthaí agus ar chruinneshamhail daoine eile. I gcuraclam na bunscoile, cuimsítear na hábhair Ealaín, Drámaíocht agus Ceol le hOideachas Ealaíon agus cuireann sé deiseanna ar fáil d'eispéiris leathana sna healaíona, lena n-áirítear damhsa agus ealaíona na meán, a bhfuil ról luachmhar acu in eispéiris páistí ar óige. Ós rud é go dtuigeann páistí óga an fhoghlaim agus go bhfaigheann siad taithí uirthi go comhtháite, cuirtear Oideachas Ealaíon i láthair mar réimse imeasctha den churaclam do Chéim 1 agus 2, le béim mhéadaithe ar fhoghlaim ábharbhunaithe sna hEalaíona, i nDrámaíocht agus i gCeol i gCéim 3 agus 4.

Aithníonn an curaclam go gcuireann páistí tús lena dturas oideachais ó bhreith, trí idirghníomhaíochtaí agus eispéiris leis an domhan thart timpeall orthu. I mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, tugann páistí faoi eispéiris foghlama spraíúla agus shuimiúla a thógann ar an eolas, na scileanna, na meonta, agus na luachanna atá sealbhaithe acu sa bhaile agus i suíomhanna réamhscoile trí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige*[2]. Agus páistí ag dul tríd an mbunscoil agus tríd an scoil speisialta, nascann a bhfoghlaim, agus déanann sí tuilleadh dul chun cinn, trí na heispéiris foghlama sa tSraith Shóisearach. Tá turas foghlama éagsúil ag gach páiste, agus mar sin tugann an curaclam neamhspleáchas agus rogha do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile agus iad ag tacú le páistí ina bhforbairt iomlánaíoch, rud a chinntíonn go bhfuil cothromaíocht deiseanna, rannpháirtíochta agus torthaí ann do chách.

[1] An Roinn Oideachais (2023). Creatchuraclam na Bunscoile. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil ag https://www.curriculumonline.ie/Primary/The-Primary-Curriculum-Framework/

[2] An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ag https://curriculumonline.ie/Early-Childhood/

## Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

Tá ocht bprionsabal uileghabhálacha mar bhonn faoi agus mar threoir do scoileanna agus iad dírithe ar fhís *Chreatchuraclam na Bunscoile*. Cuireann na prionsabail seo in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile agus speisialta a gcuirimid luach orthu agus céard atá i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna scoile éagsúla agus cúinsí, eispéiris agus cumais dhifriúla na bpáistí a chur san áireamh. Léirítear i dTábla 1 sraith samplaí de na prionsabail á gcur i ngníomh laistigh den Oideachas Ealaíon.

**Tábla 1: Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe**

| Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe | Samplaí laistigh den Oideachas Ealaíon |
|---|---|
| **Oideolaíocht** | • Páirt a thabhairt do pháistí in eispéiris phraiticiúla a bhaineann le cruthú, taibhiú agus freagairt.<br>• Úsáid a bhaint as teicneolaíocht m.sh. turais fhíorúla de ghailearaithe ealaíne, uirlisí cumadóireachta ceoil digiteacha nó bogearraí eagarthóireachta físeán.<br>• Comhbhá agus cruinneshamhail níos leithne a chothú trí réimse leathan eispéireas ealaíonta. |
| **Gníomhú agus rannpháirtíocht** | • Spreagadh a thabhairt do pháistí téamaí a phiocadh agus roghanna agus cinntí eolacha a dhéanamh faoina gcuid oibre.<br>• Deiseanna a chruthú do pháistí chun triail a bhaint as ábhair, teicnící agus smaointe éagsúla.<br>• Béim a leagan ar luach agus ar thábhacht na grúpoibre agus an chomhoibrithe. |
| **Timpeallachtaí foghlama** | • Spreagadh a thabhairt do thaiscéalaíocht, breathnóireacht, agus idirghníomhaíocht le timpeallachtaí foghlama éagsúla m.sh. suiteáin ealaíne, taispeántais cheoil nó gníomhaíochtaí bunaithe ar dhráma.<br>• Saothar ealaíne, píosaí ceoil nó grianghraif agus taifeadtaí drámaíochta na bpáistí a roinnt agus a cheiliúradh.<br>• An spás a eagrú le haghaidh gluaiseachta, rochtain ar sholáthairtí ealaíne, uirlisí ceoil agus prapaí dráma/bosca gléasadh suas. |
| **Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht** | • Naisc a dhéanamh idir foirmeacha ealaíne, seánraí ceoil, agus traidisiúin cheoil éagsúla ó chultúir éagsúla agus léirthuiscint a fháil orthu.<br>• Foirmeacha ealaíne éagsúla a úsáid ionas go mbeidh páistí in ann a n-aitheantais agus a n-eispéiris uathúla a chur in iúl.<br>• Úsáid a bhaint as léiriú ealaíonta chun aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí agus ar mhíthuiscintí agus ionchuimsitheacht, comhbhá, meas agus iltuairimíocht a chur chun cinn. |
| **Caidrimh** | • Luachanna dearfacha a fhorbairt trí rannpháirtíocht a ghlacadh sna healaíona chun caidrimh ghníomhacha a chur chun cinn.<br>• Comhoibriú, comhroinnt smaointe agus comhréiteach a spreagadh.<br>• Baill an phobail a chur san áireamh chun feabhas a chur ar fhoghlaim sna healaíona agus deiseanna a chur ar fáil le cur i láthair do lucht féachana leathan. |

| | |
|---|---|
| **Measúnú agus dul chun cinn** | • Grúpdhíospóireacht agus aiseolas grúpa a spreagadh mar dheiseanna d'fhoghlaim chomhroinnte agus dul chun cinn trí choincheapa.<br>• Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun a gcuid oibre a chomhroinnt le lucht féachana níos leithne amhail ag taispeántais nó taibhléirithe.<br>• Úsáid a bhaint as réimse éagsúil modhanna measúnaithe atá feiliúnach do na healaíona agus don chomhthéacs foghlama. |
| **Comhpháirtíochtaí** | • Comhoibriú le healaíontóirí, músaeim agus eagraíochtaí áitiúla chun saineolas, acmhainní nó ceardlanna a chomhroinnt.<br>• Cuirí a thabhairt do dhaoine muinteartha agus baill an phobail chun páirt a ghlacadh in imeachtaí, chun freastal orthu nó chun cur leo, braistint rannpháirtíochta agus eispéireas comhroinnte a chothú.<br>• Páirt a ghlacadh i dtionscadail ealaíonta sa phobal áitiúil. |
| **Aistrithe agus leanúnachas** | • Cur le réamhfhoghlaim na bpáistí agus deiseanna a chur ar fáil dóibh chun a saothar agus a n-eispéiris sna healaíona a chomhroinnt.<br>• Comhoibriú agus cumarsáid a spreagadh idir an baile, réamhscoil, agus iar-bhunscoile.<br>• Spéiseanna nó láidreachtaí ar leith na bpáistí a shainaithint agus a chomhroinnt in Oideachas Ealaíon de réir mar a thagann páistí isteach sa bhunscoil agus sa scoil speisialta agus ar a bhfágáil as na scoileanna. |

## Achoimre ar Churaclam Oideachais Ealaíon na Bunscoile

Cuireann na caibidlí tosaigh de Churaclam Oideachas Ealaíon na Bunscoile an Réasúnaíocht, na hAidhmeanna, na Snáitheanna agus na Torthaí Foghlama i láthair. I gCaibidil 6 tá treoir maidir leis an gcuraclam agus é i bhfeidhm, agus tugtar léargas ar Uirlisí Úsáide Oideachais Ealaíon ar líne agus gluais téarmaí sna caibidlí deireanacha. Cuirtear achoimre ar dhul chun cinn sna haguisíní ag deireadh an doiciméid maidir le coincheapa ábhair an churaclaim Ealaín, Drámaíocht agus Ceol.

Tacóidh Uirlisí Úsáide Oideachais Ealaíon ar líne le réimse an churaclaim. Beidh réimse tacaíochtaí ann do chur i bhfeidhm an churaclaim, amhail ábhair thacaíochta agus samplaí d'fhoghlaim na bpáistí.

Ábhar *Churaclam Oideachais Ealaíon na Bunscoile*

**Réasúnaíocht, Aidhmeanna agus Snáitheanna**

**Torthaí Foghlama**

**An Curaclam Oideachais Ealaíon i gCleachtas**

**Coincheapa le haghaidh Ealaíne, Drámaíochta agus Ceoil**

Ábhar na *nUirlisí Úsáide Oideachais Ealaíon ar líne*

**Ábhair Thacaíochta**

**Samplaí d'Fhoghlaim na bPáistí**

**Fíor 1:** Ábhar Churaclam Oideachais Ealaíon na Bunscoile

## 2. Réasúnaíocht

Is cuid riachtanach é Oideachas Ealaíon d'oideachas iomlánaíoch do gach páiste. Foghlaimíonn na páistí cén chaoi chun iad féin a chur in iúl go cruthaitheach agus go fiúntach trí pháirt a ghlacadh in Oideachas Ealaíon, agus forbraíonn siad réimse scileanna. Cuidíonn Oideachas Ealaíon leis na páistí léirthuiscint a fháil ar an domhan ina dtimpeall agus tuiscint a bhaint as. Tacaíonn Oideachas Ealaíon le foghlaim agus forbairt páistí in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol. Cumasaíonn sé agus déanann sé ceiliúradh ar nascacht idir roinnt foirmeacha ealaíne lena n-áirítear damhsa agus ealaíona na meán.

### Is do gach páiste é Oideachas Ealaíon

Cothaíonn Oideachas Ealaíon braistint phobail agus chómhuintearais do na páistí ar fad. Cuireann sé deiseanna ar fáil do na páistí iad féin a fhorbairt mar ealaíontóirí, agus chun páirt a ghlacadh sna healaíona sa domhan mórthimpeall orthu. Tá Oideachas Ealaíon atá leathan agus cothromaithe tábhachtach d'fhorbairt iomlánaíoch na bpáistí, agus is féidir leis a samhlaíocht a spreagadh le linn dóibh a bheith ag fiosrú, ag cruthú agus á gcur féin in iúl trí phróisis ealaíonta. Is féidir le hOideachas Ealaíon braistint féiniúlachta, féinfheasachta agus féin-chomhlíonta a spreagadh.

### Cuireann Oideachas Ealaíon féinléiritheachas agus forbairt scileanna chun cinn

Cuireann Oideachas Ealaíon ar chumas páistí smaointe a dhéanamh, a fháil agus a chomhroinnt trí fhoirm uathúil chumarsáide. Agus páistí i mbun foghlama in Oideachas Ealaíon, faigheann siad uirlisí chun smaointe, mothúcháin, freagairtí, agus réitigh chruthaitheacha a chur in iúl ar réimse bealaí. In Oideachas Ealaíon, baineann na páistí úsáid as roinnt braistintí, agus forbraíonn siad scileanna aeistéitiúla, clos-scileanna, scileanna béil, scileanna amhairc, agus scileanna cinéistéiseacha.

Trí Oideachas Ealaíon, is féidir le páistí neamhspleáchas a chleachtadh ina bhfoghlaim féin de réir mar a éiríonn siad níos nuálaí, níos machnamhaí, níos leathanaigeanta, agus níos spraíúla le linn dóibh a bheith ag foghlaim, agus baineann siad triail as baint tuisceana shiombalach agus glacann siad páirt sa bhaint tuisceana chéanna. Forbraíonn sé scileanna cognaíocha na bpáistí agus cuireann sé feabhas ar a gcumas chun dul i rioscaí cruthaitheacha, chun botúin a dhéanamh agus foghlaim uathu agus chun 'smaoineamh as an nua'. Foghlaimíonn na páistí cén chaoi le comhoibriú le daoine eile agus chun dianseasmhacht agus smacht a fhorbairt ina gcleachtas ealaíonta le linn dóibh a bheith ag déanamh dul chun cinn ina bhfoghlaim.

### Cuidíonn Oideachas Ealaíon leis na páistí tuiscint a bhaint as an domhan mórthimpeall orthu.

In Oideachas Ealaíon, foghlaimíonn na páistí chun iniúchadh a dhéanamh ar dhearcthaí éagsúla ar an domhan agus chun léirthuiscint a fháil ar na dearcthaí sin agus forbraíonn siad meas ar dhearcthaí éagsúla mar aon le comhbhá leis na dearcthaí céanna. Forbraíonn siad léirthuiscint chultúrtha a chuireann feabhas ar a dtuiscint ar a bpobal áitiúil, ar Éirinn, agus ar an domhan mór, agus foghlaimíonn siad cén chaoi a n-úsáideann daoine eile a gcuid scileanna, smaointe agus cuimhní chun iad féin a chur in iúl go healaíonta. I dteannta leis sin, is féidir leis na páistí tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil tionchar dearfach ag na healaíona ar an saol ina dtimpeall.

### Cumasaíonn Oideachas Ealaíon nascacht idir foirmeacha ealaíne éagsúla

Faigheann na páistí léirthuiscint ar idirnascacht na n-ealaíon trí bheith rannpháirteach i réimse agus i meascán eispéireas in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol, agus i bhfoirmeacha ealaíne bainteacha

lena n-áirítear damhsa agus ealaíona na meán. Daingníonn sé seo a bhfoghlaim in Oideachas Ealaíon agus is féidir leis snas a chur ar fhoghlaim i réimsí curaclaim eile.

### Ealaín

San Ealaín, forbraíonn páistí braistint mhéadaithe ar chúrsaí amhairc, spásúla agus tadhlacha, agus cuireann siad feabhas ar a gcumas chun a dtuiscint ar an saol ina dtimpeall a thabhairt faoi deara, a léiriú agus a chur in iúl. Foghlaimíonn siad chun a saothar ealaíne féin agus saothar ealaíne daoine eile a anailísiú agus chun léirthuiscint a fháil ar an saothar ealaíne céanna. Bíonn na páistí rannpháirteach mar dhéantóirí ealaíne trí iniúchadh, fiosrú agus cruthaitheacht, agus cuireann siad a smaointe, mothúcháin agus eispéiris in iúl i bhfoirm inláimhsithe ar fud réimse meán. Le linn dóibh a bheith i mbunscoil, is féidir leis na páistí braistint aeistéitiúil agus chultúrtha a fhorbairt, agus is féidir leo tuiscint agus inniúlacht a fhorbairt ar fud réimse scileanna, próiseas, seánraí, agus coincheap a bhaineann le cúrsaí Ealaíne.

### Drámaíocht

Sa Drámaíocht, foghlaimíonn páistí chun cuimhní, mothúcháin agus smaointe a iniúchadh agus a chur in iúl trí scéalaíocht choirp i bhfoirm dhrámatúil. Trí pháirt a ghlacadh i réimse foirmeacha, straitéisí agus acmhainní drámaíochta i dtimpeallacht shábháilte, spraíúil agus scafláilte, glacann na páistí róil agus glacann siad páirt carachtar, forbraíonn siad insintí agus glacann siad páirt i réimse téamaí agus pléann siad le dearcthaí éagsúla. Is mar dhéantóirí drámaíochta a fhorbraíonn páistí a muinín agus a n-inniúlacht chun a saothar drámatúil a sheiftiú, a cheapadh, a bheachtú, a léiriú agus chun machnamh a dhéanamh air ar bhealach fiúntach. Is féidir le páistí breathnú ar shaothar drámatúil daoine eile agus freagairt don saothar agus léirthuiscint a fháil air. Is féidir leis seo bonn eolais a chur faoina gcleachtas drámatúil féin, a bhfeasacht chultúrtha a chur chun cinn agus cur le tuiscint ar an drámaíocht mar fhoirm ealaíne ar feadh an tsaoil.

### Ceol

Sa Cheol, faigheann na páistí léirthuiscint ar shuntas na fuaime sa saol ina dtimpeall. Glacann na páistí páirt fhiúntach maidir leis na fuaimeanna sa timpeallacht, agus maidir le ceol gutha agus ceol ionstraimeach ar fud réimse seánraí agus foinsí fuaime, agus is ar an gcaoi sin a fhorbraíonn siad tuiscint fheabhsaithe aeistéitiúil agus chultúrtha agus a chuireann siad tús lena n-aitheantais cheoil uathúla agus choiteanna. Tacaíonn ceol ó thaithí, ceol spraíúil agus ceol bunaithe ar iniúchadh le hinniúlacht na bpáistí chun tuiscint a fháil ar choincheapa ceoil agus chun páirt ghníomhach a ghlacadh mar dhéantóirí ceoil gníomhaíocha. Le linn do na páistí a bheith ar an mbunscoil, forbraíonn na páistí muinín agus inniúlacht mhéadaithe maidir le ceol a chumadh, a léiriú, a léirmhíniú agus maidir le freagairt don cheol céanna.

Trí dheiseanna foghlama spraíúla agus cruthaitheacha in Oideachas Ealaíon, is féidir leis na páistí taithí a fháil ar an gcumhacht, áthas, iontas, áilleacht, poitéinseal agus ábharthacht a bhaineann leis na healaíona.

## 3. Aidhmeanna

Cuimsítear le haidhmeanna Oideachais Ealaíon cruthaitheacht, féinléiritheachas, rannpháirtíocht ealaíonta, tuiscint choincheapúil, rannpháirtíocht ilchéadfach, léirthuiscint aeistéitiúil, agus feasacht chultúrtha agus chomhthéacsúil. Tá na haidhmeanna seo fite fuaite ina chéile agus tá siad idirspleách, rud atá tábhachtach.

**Cruthaitheacht**

- An inniúlacht le bheith samhlaíoch, fiosrach, dianseasmhach, leathanaigeanta agus solúbtha agus le comhoibriú le daoine eile, leanúint ar aghaidh, glacadh le difríochtaí, agus dul i rioscaí cruthaitheacha.

**Féinléiritheachas**

- An inniúlacht chun smaointe, eolas, mothúcháin agus eispéiris phearsanta agus choitinne i réimse foirmeacha ealaíne.

**Rannpháirtíocht ealaíonta**

- An inniúlacht le bheith rannpháirteach, chun páirt a ghlacadh sna healaíona, tuiscint a fháil orthu, agus critíc a dhéanamh orthu ar mhaithe le forbairt phearsanta, sásamh pearsanta, agus léirthuiscint ar feadh an tsaoil

**Tuiscint choincheapúil**

- An inniúlacht chun tuiscint a fháil ar na coincheapa, an t-eolas, na scileanna agus na teicnící atá mar bhonn taca faoi na hábhair Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus foirmeacha ealaíne eile agus iad a chur i bhfeidhm.

**Foghlaim ilchéadfach**

- An inniúlacht chun gnéithe den saol amhail gnéithe amhairc, gnéithe ó bhéal, closghnéithe, gnéithe cinéistéiseacha, tadhlacha agus spásúla a thabhairt faoi deara, a fheiceáil, freagairt dóibh agus a luach a thuiscint laistigh de na healaíona.

**Léirthuiscint aeistéitiúil**


- An inniúlacht chun taithí a fháil ar áilleacht an tsaoil ina dtimpeall agus laistigh de na healaíona agus an áilleacht sin a chruthú, a chur in iúl agus tuiscint a fháil ar an luach a bhaineann léi.

**Feasacht chultúrtha agus chomhthéacsúil**

- An inniúlacht chun tuiscint a fháil ar an gcomhthéacs ina gcruthaítear na healaíona agus freagairt do na healaíona, léirthuiscint a fháil orthu, páirt a ghlacadh iontu agus luach na n-ealaíon a thuiscint i suíomhanna áitiúla, Éireannacha, agus i gcultúir ina bhfuil éagsúlacht.

## 4. Snáitheanna

In Oideachas Ealaíon, seasann na snáitheanna do phríomhphróisis trína bhfoghlaimíonn páistí agus do an heagarthóirí don phríomhfhoghlaim a léireoidh siad le linn dóibh a bheith ag dul trí oideachas bunscoile. Cibé acu san Ealaín, sa Dráma nó sa Cheol – nó i bhfoirmeacha ealaíne eile – tarlaíonn foghlaim fhiúntach pháistelárnach in Oideachas Ealaíon le linn do na páistí a bheith rannpháirteach go gníomhach agus le linn dóibh a bheith ag glacadh páirt sna próisis idirghaolmhara a bhaineann le Cruthú, Léiriú agus Cur i Láthair, agus Freagairt agus Ceangal.




**Fíor 2:** Snáitheanna in Oideachas Ealaíon

Is gnéithe bunúsacha iad Cruthú, Léiriú agus Cur i Láthair, agus Freagairt agus Ceangal de chur chuige leathan agus cothromaithe maidir le hOideachas Ealaíon ar an mbunscoil, ina nglacann na páistí páirt mar chuid de phobal de dhéantóirí ealaíne eolasacha agus rannpháirteacha. Tá sé nádúrtha bogadh ó cheann go chéile i gceacht ar leith nó mar chuid de ghrúpa ceachtanna. Mar shampla, d'fhéadfadh páistí freagairt do shaothair ealaíne ar dtús, ceangail a dhéanamh le comhthéacsanna níos leithne, sula gcruthóidh siad rud éigin nua agus é a roinnt lena bpiaraí ansin.

Cuirtear achoimre ghearr ar na Snáitheanna seo ar fáil sa tábla thíos. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i gCaibidil 6a.

**Tábla 2:** Achoimre ar na Snáitheanna

| Teideal | Forbhreathnú |
|---|---|
| **Snáithe 1: Cruthú** | Fiosraíonn agus cruthaíonn páistí smaointe, téann siad i rioscaí, agus baineann siad triail as ábhair, scileanna agus coincheapa agus cuireann siad i bhfeidhm iad chun saothar ealaíne pearsanta agus comhoibríoch a chruthú, a athbhreithniú agus a bheachtú. Glacann siad páirt ghníomhach agus shamhlaíoch chun rudaí a sheiftiú, a chruthú, a dhearadh agus a dhéanamh in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol, agus is féidir leo a scileanna a chur i bhfeidhm i ndamhsa agus i bhfoirmeacha ealaíne comhtháite. |
| **Snáithe 2: Léiriú agus Cur i Láthair** | Déanann páistí cumarsáid agus taibhléiríonn siad trí réimse foirmeacha ealaíne agus meán. Cuireann siad a gcuimhní, a mothúcháin agus a smaointe in iúl trí mhodhanna ilchéadfacha lena gcuimsítear fuaim, amharcíomhánna, gluaiseacht agus gothaí. Léiríonn, taispeánann, roinneann agus pléann siad a saothar in Ealaín, Drámaíocht, Ceol, agus sna healaíona comhtháite, le daoine eile agus faigheann siad léirthuiscint ar an tábhacht a bhaineann leis an lucht féachana sna healaíona. |
| **Snáithe 3: Freagairt agus Ceangal** | Déanann páistí machnamh criticiúil ar shaothair ealaíne, breathnaíonn siad orthu, éisteann siad leo, anailísíonn siad iad, freagraíonn siad dóibh agus faigheann siad léirthuiscint orthu leo féin agus le healaíontóirí eile atá ceangailte leis an bpobal, le hÉirinn agus leis an saol níos leithne. Ba cheart dóibh taithí a fháil ar réimse stíleanna agus seánraí in Ealaín, Drámaíocht agus Ceol chomh maith le damhsa agus foirmeacha ealaíne comhtháite eile. Foghlaimíonn siad chun ciall a chruthú, agus a n-eispéiris a iniúchadh agus a cheangal le cultúir agus comhthéacsanna níos leithne agus le saol na n-ealaíon níos leithne. |


# 5. Torthaí Foghlama

Úsáidtear Torthaí Foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a bhfuil súil leo le haghaidh gach foghlaimeora ag deireadh tréimhse dhá bhliain, nuair a chuirtear cumas na bpáistí agus na cúinsí éagsúla san áireamh. Cuimsítear leo an t-eolas, na scileanna, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna a fhorbraíonn páistí laistigh d'Oideachas Ealaíon.

Agus na prionsabail agus cuir chuige oideolaíochta i *gCreatchuraclam na Bunscoile* á léiriú, baintear úsáid as an 'bhfréamh' '*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha*' chun na Torthaí Foghlama a thabhairt isteach i ngach céim. Tá sé de chuspóir ag cur chuige spraíúil agus tarraingteach i leith na foghlama agus an teagaisc Oideachas Ealaíon a léiriú mar spás foghlama oscailte agus inrochtana. Leagtar béim ar thimpeallacht foghlama sa fhréamh Toraidh Foghlama seo a spreagann páistí chun páirt ghníomhach, spraíúil agus chruthaitheach a ghlacadh in Oideachas Ealaíon. Cuireann sé eispéiris shaibhre foghlama ar fáil a réitíonn le cuir chuige ábhartha oideolaíochta mar atá leagtha amach i gCaibidil 6 '*Curaclam Oideachas Ealaíon na Bunscoile* i gCleachtas'.

## Príomhinniúlachtaí

Tá seacht bpríomhinniúlacht i gcuraclam na bunscoile a fhorluíonn agus a thagann le chéile chun tacú le fís an churaclaim. De réir mar a leagtar amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile* iad, tógann na hinniúlachtaí ar na cumais a shealbhaíonn páistí le linn a n-eispéireas oideachais luathóige le *hAistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus neartaítear níos mó iad san iar-bhunscoil agus an tSraith Shóisearach ar bun acu. Agus páistí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama i gCuraclam Oideachas Ealaíon na Bunscoile agus ag tabhairt faoi eispéiris foghlama luachmhara sna healaíona, tógann siad agus forbraíonn siad na príomhinniúlachtaí seo go comhuaineach.




**Fíor 3:** Seacht bpríomhinniúlacht

**Tábla 3:** Samplaí de na bealaí a bhforbraítear gach príomhinniúlacht trí fhoghlaim in Oideachas Ealaíon

| Príomhinniúlacht | Samplaí de thréithe a fhorbraítear trí fhoghlaim in Oideachas Ealaíon |
|---|---|
| **A bheith cruthaitheach** | • Smaointe agus mothúcháin a chur in iúl ar bhealaí éagsúla, trí cheol, drámaíocht agus ealaín chun saothair ealaíne bhunúla a chruthú.<br>• Tástáil agus iniúchadh a spreagadh, a chuireann ar chumas na bpáistí taithí a fháil ar roinnt teicnící, ábhar, agus cur chuige. |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach** | • Páirt ghníomhach a ghlacadh mar dhéantóirí ealaíne ar fud na bunscoile.<br>• Páistí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a saothar féin agus ar shaothar daoine eile, á spreagadh chun smaoineamh ar a roghanna, a dteicnící agus a bpróisis chruthaitheacha. |
| **A bheith i do chumarsáidí** | • Ag foghlaim faoin gcaoi chun a n-eispéiris, cuimhní, smaointe agus mothúcháin a chur in iúl ar roinnt bealaí trí na healaíona.<br>• Ag foghlaim faoin gcaoi chun breathnú ar dhearcthaí daoine eile, éisteacht leo, iad a thuiscint agus a bheith leathanaigeanta ina leith. |
| **A bheith i do shaoránach gníomhach** | • Iniúchadh a dhéanamh ar chultúir agus ar dhearcthaí éagsúla, comhbhá agus tuiscint a fhorbairt i leith daoine eile agus braistint saoránachta domhanda a chothú.<br>• Giniúint smaointe nua agus cur chuige nua a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus chun athrú dearfach a dhéanamh. |
| **A bheith slán** | • Páirt a ghlacadh i ndianiarrachtaí cruthaitheacha ina bhfuil deiseanna ag páistí chun iad féin a chur in iúl go fiúntach.<br>• Páirt a ghlacadh i dtionscadail ealaíonta chomhoibríocha a chothaíonn ceangail shóisialta chomh maith le braistint phobail. |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach** | • Iniúchadh a dhéanamh ar úsáid na meán éagsúil le haghaidh déantúis bunaithe ar ealaín, amhail bogearraí digiteacha, uirlisí deartha ghrafaigh, agus ardáin ilmheánacha.<br>• Cumarsáid a dhéanamh agus comhoibriú le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach, lena n-áirítear úsáid na teicneolaíochta chun taifeadtaí a dhéanamh. |
| **A bheith matamaiticiúil** | • Patrúin agus ceangail a aithint agus a chruthú in ealaín, drámaíocht, ceol, damhsa agus ealaíona na meán.<br>• Úsáid a bhaint as réasúnaíocht spásúil agus tuiscint a fháil ar sciartha in ealaín, drámaíocht, ceol, damhsa agus ealaíona na meán. |

Chun cabhrú leis na múinteoirí na Príomhinniúlachtaí atá leabaithe laistigh de na Torthaí Foghlama a shainaithint, feicfidh tú túslitreacha taobh le gach Toradh Foghlama, mar atá mínithe i dTábla 4.

I ngach cás, sainaithnítear na trí phríomhinniúlacht is ábhartha don Toradh Foghlama. Ba cheart a lua go dtarlaíonn sé go minic go mbíonn príomhinniúlachtaí eile, taobh amuigh de na trí cinn a sainaithníodh, leabaithe sna Torthaí Foghlama freisin.

**Tábla 4:** Príomhinniúlachtaí a shainaithnítear laistigh de na Torthaí Foghlama

| Príomhinniúlacht | Túslitreacha |
|---|---|
| A bheith slán | S |
| A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | FD |
| A bheith matamaiticiúil | M |
| A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid | CT |
| A bheith cruthaitheach | C |
| A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | FG |
| A bheith i do shaoránach gníomhach | SG |

## Coincheapa

Cé go bhfuil próiseas cruthaitheach i gcoitinne ag Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol atá bunaithe ar rudaí a Chruthú, a Léiriú agus a Chur i Láthair; agus Freagairt do rudaí agus rudaí a cheangal, agus cé go bhfuil scileanna i gcoitinne acu, ar nós gach foirme ealaíne, tá eolas, coincheapa, scileanna, agus luach intreach ar leith ag baint le gach ceann.

Is príomhchodanna agus bloic thógála iad na coincheapa le haghaidh Ealaíne, Drámaíochta, agus Ceoil. Cosúil leis na príomhinniúlachtaí, tá ról ríthábhachtach acu maidir le bonn taca a chur faoi na Torthaí Foghlama i ngach céim den churaclam. Is iad rannpháirtíocht i réimse íomhánna, fuaimeanna, saothair ealaíne agus spreagthaí eile ó chomhthéacsanna agus ó thimpeallachtaí éagsúla a thacaíonn le foghlaim agus forbairt choincheapúil na bpáistí in Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol, agus i bhfoirmeacha ealaíne eile lena n-áirítear damhsa agus ealaíona na meán. Tá ceangal bunúsach idir foghlaim choincheapúil na bpáistí i gCeol agus i nDrámaíocht, agus idir a n-eispéiris foghlama le gluaiseacht agus damhsa. D'fhéadfadh na coincheapa pointí tagartha agus iontrála a chur ar fáil maidir le hullmhúchán, múinteoireacht agus measúnú, agus d'fhéadfaidís príomhfhaisnéis a chur i gcuimhne do mhúinteoirí ag gach céim.

Cuirtear sainmhínithe ar na coincheapa in Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol ar fáil i dTábla 5, agus in Aguisín A tá achoimre ar dhul chun cinn sna coincheapa chun tacú le múinteoirí lena n-ullmhúchán in Oideachas Ealaíon.

**Tábla 5:** Coincheapa sna hEalaíona, Drámaíocht agus Ceol

| Coincheapa ealaíne | |
|---|---|
| **Líne** | Ceanglaíonn sí dhá phointe, agus is féidir léi a bheith tiubh, tanaí, fíneálta, trom, cuartha, díreach, leanúnach nó briste. |
| **Cruth** | Geoiméadrach, amhail cearnóga agus ciorcail, nó orgánach, amhail cruthanna saorfhoirme nó nádúrtha. |
| **Foirm** | Cruthaithe in ealaín 3T trí úsáid a bhaint as réimse ábhar agus teicnící, agus molta in ealaín 2T trí úsáid a baint as dath agus ton. |
| **Dath agus Ton** | Tá dath bunaithe ar chiorcal na ndathanna. Is ionann ton agus éadroime nó dorchadas datha. Baineann teocht le cé acu atá an dath 'teolaí' nó 'fionnuar'. |
| **Uigeacht** | Gairbhe nó míne dromchla, agus an chaoi a mothaíonn sé nuair a leagann tú do lámh air. Is féidir é a chruthú in ealaín 3T trí úsáid a bhaint as réimse ábhar agus teicnící. Is féidir é a mholadh trí líne, dath agus ton a úsáid in ealaín 2T. |
| **Spás** | Na réimsí thart ar chodanna difriúla de chomhdhéanamh, laistigh díobh agus idir eatarthu. |

| Coincheapa drámaíochta | |
|---|---|
| **Plota** | Céard a tharlaíonn sa dráma. |
| **Ról/Carachtar** | Róil agus carachtair sa dráma, an chaoi a mbreathnaíonn siad/a ngluaiseann siad/a bhfuaimníonn siad/a n-iomraíonn siad agus an gaol atá acu lena chéile. |
| **Áit/Spás** | Suíomh an dráma agus an chaoi a ndéantar é seo a shiombalú. |
| **Am** | Tréimhse ama, am den lá, tréimhse nó seicheamh na gníomhaíochta. |
| **Teannas** | Aincheist, coinbhleacht, saincheist, fadhb nó rúndiamhair. |
| **Gluaiseacht** | Úsáid an choirp maidir le hiniúchadh agus cur in iúl. |
| **Fuaim** | Úsáid fuaimeanna maidir le hiniúchadh agus cur in iúl. |

| Coincheapa ceoil | |
|---|---|
| **Buille** | 'Buille an chroí' bunúsach is féidir a bhrath i gceol, ar a dtugtar 'buille leanúnach' go minic. |
| **Luas** | Luas an bhuille i gceol (tapa/mall). |
| **Fad** | Fad na bhfuaimeanna (fada/gearr). D'fhéadfadh go gcuimseofaí fuaimeanna agus tostanna le *rithimí* a mhaireann achair éagsúla. |
| **Tuinairde** | Cáilíocht ard/íseal na bhfuaimeanna. |
| **Dinimic** | Cáilíocht ard/shéimh na bhfuaimeanna/an cheoil. |
| **Struchtúr** | Eagraíocht iomlán a bhaineann le píosa ceoil, a chruthaítear le codarsnacht agus athsheinm. |
| **Tondath** | Fuaim/fuaimeanna uathúla agus saintréitheacha arna ndéanamh ag foinsí fuaime éagsúla atá nádúrtha/ionstraimeach/digiteach (m.sh. ó bhéal, le pianó, le feadóg stáin, le druma). |
| **Uigeacht** | Céimniú na fuaime i gceol (aonréad (aoncheol) /roinnt foinsí fuaime ag an am céanna). |

# Torthaí Foghlama

## Snáithe: Cruthú

| Céim 1<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | Céim 2<br>Rang a haon agus a dó | Céim 3<br>Rang a trí agus a ceathair | Céim 4<br>Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|
| **Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann** | | | |
| iniúchadh a dhéanamh ar Ealaín, Drámaíocht agus Ceol, triail a bhaint astu agus iad a sheiftiú.<br>FG, C, CT | | **Ealaín**<br>iniúchadh a dhéanamh ar uirlisí, ábhair agus teicnící éagsúla agus triail a bhaint astu i meáin 2T agus 3T.<br>FG, C, CT<br><br>ealaín 2T agus 3T a phleanáil, a dhearadh agus a chruthú ach úsáid a bhaint as spás agus réimse línte, cruthanna, foirmeacha, dathanna, ton, agus uigeachta.<br>FG, C, CT<br><br>**Drámaíocht**<br>smaointe a iniúchadh, a sheiftiú agus a léiriú i réimse foirmeacha drámata, ach úsáid a bhaint as carachtar, gluaiseacht, fuaim, spás, réada agus teannas ar bhealach spontáineach agus/nó cleachta.<br>FG, C, CT | **Ealaín**<br>réimse uirlisí, ábhar, agus teicnící i meáin 2T agus 3T a iniúchadh, a thriail agus a roghnú.<br>FG, C, CT<br><br>ealaín 2T agus 3T a phleanáil, a dhearadh, a athshamhlú, a chruthú, agus a bheachtú ach úsáid a bhaint as spás agus as réimse línte, cruthanna, foirmeacha, dathanna, ton, agus uigeachta.<br>FG, C, CT<br><br>**Drámaíocht**<br>smaointe a iniúchadh, a sheiftiú, a léiriú agus a chur in oiriúint i réimse foirmeacha drámata, ach forbairt a dhéanamh ar charachtar, gluaiseacht, fuaim, spás, réada agus teannas ar bhealach spontáineach agus/nó cleachta.<br>AC, AL, C |
| ealaín 2T agus 3T a chruthú ach úsáid a bhaint as réimse uirlisí, ábhar agus teicnící agus trí úsáid a bhaint as spás agus as réimse línte, cruthanna, dathanna, foirmeacha agus uigeachta.<br>FG, C, CT<br><br>scéalta agus carachtair shimplí a chomhchruthú le tacaíocht ó mhúinteoir trí réimse foirmeacha drámata ina mbaintear úsáid sa gluaiseacht, fuaim, spás, réada agus teannas.<br>FG, C, CT<br><br>ceol a chruthú trí úsáid a bhaint as réimse foinsí fuaime le tuinairde, tréimhsí, tondathanna, luasanna agus dinimic atá an-chodarsnach.<br>FG, C, CT | ealaín 2T agus 3T a dhearadh agus a chruthú ach úsáid a bhaint as réimse uirlisí, ábhar agus teicnící agus trí úsáid a bhaint as spás agus as réimse méadaithe línte, cruthanna, dathanna, foirmeacha agus uigeachta.<br>FG, C, CT<br><br>scéalta agus carachtair shimplí a chruthú trí réimse foirmeacha drámata ina mbaintear úsáid as gluaiseacht, fuaim, spás, réada agus teannas.<br>FG, C, CT<br><br>píosaí gearra ceoil a chruthú agus a nótáil le siombailí ach úsáid a bhaint as réimse foinsí fuaime le réimse tuinairde, rithimí, tondatha, luasanna agus dinimice.<br>FG, C, CT | | |

| | | |
|---|---|---|
| meascán d’ealaín, drámaíocht, ceol, damhsa agus/nó ealaíona na meán comhtháite a iniúchadh, a thriail, a sheiftiú agus a chruthú.<br>FG, C, CT | **Drámaíocht (ar lean)**<br>seiteanna/scéalta seiftithe a chruthú, a phleanáil, a ullmhú, a struchtúrú, a chur ar scéalchlár agus a athshaothrú a léiríonn smaointe agus a dhéanann iniúchadh ar théamaí daonna, ar chaidrimh agus ar aincheist<br>FG, C, CT<br><br>**Ceol**<br>fuaimeanna, rithimí agus foinn a iniúchadh, a sheiftiú agus a leathnú ach úsáid a bhaint as réimse foinsí fuaime.<br>FG, C, CT<br><br>píosaí ceoil struchtúrtha a chruthú agus a nótáil ach úsáid a bhaint as réimse foinsí fuaime le réimse tuinairde, rithimí, tondatha, luasanna, dinimice agus uigeachta.<br>FG, C, CT<br><br>**Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus Foirmeacha Ealaíne Eile**<br>meascán d’ealaín, drámaíocht, ceol, damhsa agus/nó ealaíona na meán comhtháite a iniúchadh, a thriail, a sheiftiú, a phleanáil agus a chruthú.<br>FG, C, CT | **Drámaíocht (ar lean)**<br>seiteanna/scéalta a chruthú, a chur in oiriúint, a phleanáil, a ullmhú, a struchtúrú, a chur ar scéalchlár, a athshaothrú agus a bheachtú chun iniúchadh a dhéanamh ar smaointe casta, ar théamaí, ar chaidrimh agus ar aincheisteanna agus iad sin a chur in iúl.<br>AC, AL, C<br><br>**Ceol**<br>fuaimeanna, rithimí, agus tondathanna a iniúchadh, a sheiftiú, a athshamhlú agus a leathnú ach úsáid a bhaint as réimse foinsí fuaime.<br>FG, C, CT<br><br>píosaí ceoil struchtúrtha a chruthú, a bheachtú, agus a nótáil ach úsáid a bhaint as réimse foinsí fuaime le húsáid dhiongbháilte tuinairde, rithime, tondatha, luais, dinimice agus uigeachta chun téamaí agus smaointe a spreagadh.<br>FG, C, CT<br><br>**Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus Foirmeacha Ealaíne Eile**<br>meascán d’ealaín, drámaíocht, ceol, damhsa agus/nó ealaíona na meán comhtháite a iniúchadh, a thriail, a sheiftiú, a phleanáil, a chruthú agus a bheachtú.<br>FG, C, CT |

<table>
<tr><th colspan="4">Snáithe: Léiriú agus Cur i Láthair</th></tr>
<tr><th>Céim 1<br><br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha</th><th>Céim 2<br><br>Rang a haon agus a dó</th><th>Céim 3<br><br>Rang a trí agus a ceathair</th><th>Céim 4<br><br>Rang a cúig agus a sé</th></tr>
<tr><td colspan="4">Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol a léiriú, a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile.<br>FG, C, CT</td><td rowspan="3">Ealaín<br>dearadh, pleanáil agus úsáid uirlisí agus teicnící a léiriú agus a mhíniú ar fud réimse foirmeacha ealaíne, stíleanna agus meán.<br>FG, C, CT<br><br>an chaoi a gcuireann a n-úsáid spáis, líne, crutha, datha, foirme, agus uigeachta feabhas ar a ndéanamh ealaíne a thaispeáint agus a mhíniú.<br>FG, C, CT<br><br>Drámaíocht<br>drámaí seiftithe nó cleachta a ullmhú agus páirt a ghlacadh iontu, lena roinnt sa rang nó leis an bpobal scoile níos leithne.<br>FG, C, CT<br><br>an chaoi a gcuireann a n-úsáid carachtair, spáis, gluaiseachta, fuaime, ama agus teannais feabhas ar a scéalaíocht dhrámata.<br>FG, C, CT</td><td rowspan="3">Ealaín<br>dearadh, pleanáil, rogha agus úsáid uirlisí agus teicnící a léiriú agus a mhíniú ar fud réimse foirmeacha ealaíne, stíleanna agus meán.<br>FG, C, CT<br><br>an chaoi a gcuireann a rogha agus a n-úsáid spáis, líne, crutha, datha, foirme, agus uigeachta feabhas ar a ndéanamh ealaíne a thaispeáint agus a mhíniú.<br>FG, C, CT<br><br>Drámaíocht<br>drámaí seiftithe nó cleachta a ullmhú, a struchtúrú, páirt a ghlacadh iontu agus iad a bheachtú, lena roinnt sa rang nó leis an bpobal scoile níos leithne.<br>FG, C, CT<br><br>an chaoi a gcuireann a rogha róil/carachtair, spáis, gluaiseachta, fuaime, ama agus teannais feabhas ar a scéalaíocht dhrámata.<br>FG, C, CT</td></tr>
<tr><td>rogha spáis, líne, crutha, datha, foirme, agus uigeachta a thaispeáint agus a mhíniú chun smaointe, íomhánna, agus réada a léiriú.<br>FG, C, CT<br><br>scéalta simplí drámata a léiriú go seiftithe nó go cleachta ina dtaispeántar feasacht bhunúsach ar charachtar spás, gluaiseacht, fuaim, agus teannas.<br>FG, C, CT<br><br>amhráin chantaireachta a chasadh, uirlisí a sheinm agus amhráin a chasadh (le/gan ghluaiseacht) ina dtaispeántar buille agus uigeacht, luasanna agus dinimic atá codarsnach.<br>FG, C, CT</td><td>rogha agus úsáid spáis, líne, crutha, datha, foirme, agus uigeachta a thaispeáint agus a mhíniú chun smaointe, íomhánna, agus réada a léiriú.<br>FG, C, CT<br><br>scéalta drámata a léiriú go seiftithe nó go cleachta ina dtaispeántar feasacht ar charachtar spás, gluaiseacht, fuaim, agus teannas.<br>FG, C, CT<br><br>amhráin chantaireachta a chasadh, uirlisí a sheinm agus amhráin a chasadh (le/gan ghluaiseacht) ina dtaispeántar cumhacht bhunúsach ar bhuille, tuinairde, rithim, uigeacht, luas agus dinimic.<br>FG, C, CT</td></tr>
<tr><td colspan="2">léiriú, cur i láthair agus roinnt ach úsáid a bhaint as dhá fhoirm ealaíne nó tuilleadh lena n-áirítear damhsa agus/nó ealaíona na meán.<br>FG, C, CT</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| | **Ceol**<br>amhráin chantaireachta, gnáthamhráin agus píosaí ceoil a chasadh agus a sheinm ar fud réimse stíleanna agus seánraí (ó chluas, de ghlanmheabhair agus nodaireacht, le/gan ghluaiseacht).<br>FG, C, CT<br><br>úsáid buille, tuinairde, rithime, uigeachta, tondatha, mírithe, luais agus dinimice faoi smacht a léiriú ina gceoltóireacht.<br>FG, C, CT<br><br>**Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus Foirmeacha Ealaíne Eile**<br>saothar ealaíne, saothar drámaíochta, amhráin, damhsaí agus píosaí ceoil agus saothair cheoil a struchtúrú, a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile lena gcuimsítear agus lena gcomhtháthaítear foirmeacha ealaíne trí phortfóiliónna, léirithe, taispeántais agus/nó taifeadtaí digiteacha.<br>FG, C, CT | **Ceol**<br>amhráin chantaireachta, gnáthamhráin agus píosaí ceoil níos fada a chasadh agus a sheinm ar fud réimse stíleanna agus seánraí (ó chluas, de ghlanmheabhair agus nodaireacht, le/gan ghluaiseacht).<br>FG, C, CT<br><br>úsáid buille, tuinairde, rithime, uigeachta, tondatha, mírithe, luais agus dinimice atá mothúchánach agus atá faoi smacht a léiriú ina gceoltóireacht.<br>FG, C, CT<br><br>**Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus Foirmeacha Ealaíne Eile**<br>saothar ealaíne, saothar drámaíochta, amhráin, damhsaí agus píosaí ceoil agus saothair cheoil a eagrú, a struchtúrú, a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile lena gcuimsítear agus lena gcomhtháthaítear foirmeacha ealaíne trí phortfóiliónna, léirithe, taispeántais agus/nó taifeadtaí digiteacha.<br>FG, C, CT |

## Snáithe: Freagairt agus Ceangal

| Céim 1<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | Céim 2<br>Rang a haon agus a dó | Céim 3<br>Rang a trí agus a ceathair | Céim 4<br>Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|
| **Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann** | | | |
| páirt a ghlacadh i réimse spreagthaí, ábhar, saothar ealaíne, imeachtaí agus léirithe ó Éirinn agus ón domhan níos leithne.<br>SG, FG, CT<br><br>ealaíona atá ceangailte lena saol agus lena dtraidisiúin féin ó bhaile, ó scoil agus ó phobail áitiúla a roinnt agus a phlé (m.sh. amhráin, gníomhaíochtaí agus imeachtaí).<br>SG, FG, CT<br><br>taithí a fháil ar réimse saothar ealaíne agus freagairt dóibh ar réimse bealaí (m.sh. gluaiseacht agus plé seiftithe).<br>FG, C, CT<br><br>taithí a fháil ar spás, líne, cruth, dath, foirm agus uigeacht agus iad a thabhairt faoi deara i saothair ealaíne agus sa saol ina dtimpeall.<br>FG, C, CT | páirt a ghlacadh i, agus cur síos a dhéanamh ar réimse spreagthaí, ábhar, saothar ealaíne, imeachtaí agus léirithe ó Éirinn agus ón domhan níos leithne.<br>SG, FG, CT<br><br>ealaíona atá ceangailte lena saol agus lena dtraidisiúin féin ó bhaile, ó scoil agus ó phobail agus cultúir áitiúla agus níos leithne a roinnt agus a phlé (m.sh. amhráin, gníomhaíochtaí agus imeachtaí).<br>SG, FG, CT<br><br>taithí a fháil ar, agus cur síos a dhéanamh ar réimse saothar ealaíne agus freagairt dóibh ar réimse bealaí (m.sh. gluaiseacht, plé agus ransú smaointe seiftithe).<br>FG, C, CT<br><br>taithí a fháil ar, breathnú ar agus cur síos a dhéanamh ar spás, líne, cruth, dath, foirm agus uigeacht i saothair ealaíne agus sa saol ina dtimpeall.<br>FG, C, CT | **Ealaín**<br>cur síos a dhéanamh ar an úsáid agus an tionchar a bhaineann le spás, líne, cruth, dath, foirm agus uigeacht agus iad a aithint le linn dóibh a bheith ag freagairt do réimse saothar ealaíne ó Éirinn agus ón saol níos leithne.<br>FG, C, CT<br><br>gnéithe agus teicnící ealaíne a fhiosrú agus a shainaithint, ar gnéithe agus teicnící iad a bhaineann le meáin, stíleanna, seánraí agus comhthéacsanna éagsúla de shaothair ealaíne ó Éirinn agus ón saol níos leithne<br>SG, FG, CT<br><br>**Drámaíocht**<br>freagairt do cheangail agus ceangail a dhéanamh sa phlota, sna carachtair, sna caidrimh, sna téamaí agus sna haincheisteanna i ndrámaí agus machnamh a dhéanamh ar chuir chuige.<br>SG, FG, CT | **Ealaín**<br>anailís agus critíc a dhéanamh ar an úsáid agus an tionchar a bhaineann le spás, líne, cruth, dath, foirm agus uigeacht le linn dóibh a bheith ag freagairt do réimse saothar ealaíne ó Éirinn agus ón saol níos leithne.<br>FG, C, CT<br><br>gnéithe agus teicnící ealaíne a shainaithint, a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht, ar gnéithe agus teicnící iad a bhaineann le meáin, stíleanna, seánraí agus comhthéacsanna éagsúla ó Éirinn agus ón saol níos leithne.<br>SG, FG, CT<br><br>**Drámaíocht**<br>freagairt do, ceangail a dhéanamh le agus léargais a roinnt faoin bplota, na carachtair, na caidrimh, na téamaí agus na haincheisteanna i ndrámaí agus cuir chuige a mheas.<br>SG, FG, CT |

| | | | |
|---|---|---|---|
| freagairt do cheangail agus ceangail a dhéanamh sa phlota, na carachtair agus na téamaí, an ghníomhaíocht agus aincheisteanna na ndrámaí.<br>AC, C, AL<br><br>buille a thabhairt faoi deara mar aon le tondathanna, tuinairdí, tréimhsí, uigeacht, luasanna agus dinimic an-chodarsnach le linn dóibh a bheith ag éisteacht le agus ag freagairt do cheol trí ghluaiseacht, fionnachtain faoi threoir agus plé.<br>FG, C, CT | freagairt do cheangail agus ceangail a dhéanamh sa phlota, sna carachtair, sna téamaí agus sna haincheisteanna i ndrámaí agus machnamh a dhéanamh ar chuir chuige<br>SG, FG, CT<br><br>cur síos a dhéanamh ar bhuille, tondath, tuinairde, rithim, uigeacht, luasanna agus dinimic agus iad a léiriú le linn dóibh a bheith ag éisteacht le agus ag freagairt do cheol trí ghluaiseacht, fionnachtain faoi threoir agus plé.<br>FG, C, CT | an tionchar atá ag réimse foirmeacha drámata a fhiosrú, a shainaithint agus a thabhairt faoi deara , ar foirmeacha drámata iad a bhaineann le cineálacha éagsúla réanna, seánraí agus comhthéacsanna ó Éirinn agus ón saol níos leithne.<br>AC, AL, C<br><br>**Ceol**<br>cur síos a dhéanamh ar úsáid agus tionchar buille, tondatha, tuinairde, tréimhse, uigeachta, luais, struchtúir agus dinimice agus iad a aithint le linn dóibh a bheith ag éisteacht le agus ag freagairt do réimse ceoil.<br>FG, C, CT<br><br>gnéithe agus teicnící ceoil a fhiosrú agus a shainaithint, ar gnéithe agus teicnící iad a bhaineann le stíleanna, seánraí agus comhthéacsanna éagsúla de shaothair ealaíne ó Éirinn agus ón saol níos leithne<br>AC, AL, C<br><br>**Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus Foirmeacha Ealaíne Eile**<br>léirthuiscint a fháil ar struchtúr, éifeacht, tionchar agus gnéithe aeistéitiúla de shaothair, imeachtaí, taispeántais agus léirithe ealaíne ó Éirinn agus ón saol níos leithne a dhéantar i láthair go pearsanta nó go digiteach.<br>SG, FG, CT | an tionchar atá ag réimse foirmeacha drámata a fhiosrú, a shainaithint, a chur i gcomparáid agus a thabhairt faoi deara , ar foirmeacha drámata iad a bhaineann le cineálacha éagsúla réanna, seánraí agus comhthéacsanna ó Éirinn agus ón saol níos leithne.<br>AC, AL, C<br><br>**Ceol**<br>anailís agus critíc a dhéanamh ar úsáid agus tionchar buille, tondatha, tuinairde, tréimhse, uigeachta, luais, struchtúir agus dinimice le linn dóibh a bheith ag éisteacht le agus ag freagairt do réimse ceoil.<br>FG, C, CT<br><br>gnéithe agus teicnící ceoil a shainaithint, a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht, ar gnéithe agus teicnící iad a bhaineann le stíleanna, seánraí agus comhthéacsanna cultúrtha éagsúla ó Éirinn agus ón saol níos leithne.<br>AC, AL, C<br><br>**Ealaín, Drámaíocht, Ceol agus Foirmeacha Ealaíne Eile**<br>léirthuiscint a fháil agus critíc a dhéanamh ar struchtúr, éifeacht, tionchar agus gnéithe aeistéitiúla de shaothair, imeachtaí, taispeántais agus léirithe ealaíne ó Éirinn agus ón saol níos leithne a dhéantar i láthair go pearsanta nó go digiteach. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | ealaíona atá ceangailte lena saol agus lena dtraidisiúin féin ó bhaile, ó scoil agus ó phobail agus cultúir áitiúla agus níos leithne a roinnt agus a phlé ach a bheith tuisceanach maidir le híogaireacht an chomhthéacs.<br>SG, FG, CT<br><br>tuiscint a fháil ar agus freagairt do réimse saothar ealaíne ar réimse bealaí (m.sh. gluaiseacht, plé agus ransú smaointe seiftithe).<br>FG, C, CT | AC, AL, C<br><br>ealaíona atá ceangailte lena saol agus lena dtraidisiúin féin ó bhaile, ó scoil agus ó phobail agus cultúir áitiúla agus dhomhanda a roinnt agus a phlé ach a bheith tuisceanach maidir leis an gcomhthéacs agus a bheith níos íogaire ina leith.<br>AC, AL, C<br><br>tuiscint a fháil ar agus freagairt do réimse saothar ealaíne ar réimse bealaí (m.sh. gluaiseacht, plé agus ransú smaointe seiftithe, réitigh chruthaitheacha).<br>FG, C, CT |

# 6. An Curaclam Oideachais Ealaíon i gCleachtas

Tá an méid seo a leanas mar bhonn taca faoi Oideachas Ealaíon: an fhís, na prionsabail, na príomhinniúlachtaí agus na príomhráitis ar fhoghlaim, teagasc agus measúnú i *gCreatchuraclam na Bunscoile*. Breathnaítear ar an gcaidreamh lárnach, cómhalartach agus freagrúil idir an páiste agus an múinteoir mar bhunghné chun fís an churaclaim a bhaint amach. Cuirtear feabhas ar fhoghlaim laistigh d'Oideachas Ealaíon trí dhearadh sciliúil a dhéanamh ar réimse leathan d'eispéiris foghlama ina bhfuil fócas soiléir ar fhoghlaim nua agus ar bhealaí inar féidir le páistí a n-eolas agus a dtuiscint féin a léiriú. Déantar cur síos sa chaibidil seo ar bhunghnéithe d'fhoghlaim páistí laistigh d'Oideachas Ealaíon agus na cleachtais oideolaíochta chomhfhreagracha a thacaíonn leis an bhfoghlaim agus a chuireann léi.

## 6a. Foghlaim in Oideachas Ealaíon

Beidh deiseanna ag páistí chun páirt a ghlacadh i gCruthú, Léiriú agus Cur i Láthair, agus i bhFreagairt agus Ceangal mar chuid dá bhfoghlaim in Oideachas Ealaíon. Laistigh den trí shnáithe seo, tá sé tábhachtach go mbeadh deiseanna ag na páistí chun:

| Cruthú | Léiriú agus Cur i Láthair | Freagairt agus Ceangal |
|---|---|---|
| a samhlaíocht a úsáid | dul i rioscaí | féachaint ar agus éisteacht le saothair ealaíne shuntasacha agus atá mór le rá |
| smaointe a chruthú agus réitigh chruthaitheacha a fhorbairt | muinín a fhorbairt agus an t-ealaíontóir atá iontu féin a fheiceáil | luach na n-ealaíon a shainaithint agus léirthuiscint a fháil ar an luach sin |
| fiosrú, aimsiú, nuáil | iad féin a chur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh go muiníneach agus go héifeachtach | léiriú, dúshlán a thuiscint agus critíc a dhéanamh ar shaothair chruthaitheacha |
| seiftiú, cumadh, cruthú, dearadh, déanamh, cur in oiriúint | measúnú a dhéanamh ar an gcuspóir agus ar an lucht féachana | ceangail a dhéanamh trí anailís a dhéanamh ar eolas agus é a chur i bhfeidhm |
| scileanna i ndisciplíní a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | roinnt cur chuige ilmhódach agus/nó roinnt teicneolaíochtaí digiteacha a roghnú lena gcur i láthair | ceangail traschuraclaim a aithint |
| comhchruthú, comhoibriú, oibriú mar chuid d’fhoireann | léirithe agus cuir i láthair a léirmhíniú, a chóiriú, a chur in oiriúint agus a bheachtú | comhoibriú le healaíontóirí eile |
| réimse leathan scileanna le haghaidh féinléiriú a chothú | | aitheantais agus éagsúlacht sna healaíona a shainaithint de chultúir agus pobail áitiúla, Éireannacha agus níos leithne |
| **a bheith diongbháilte**<br>**a bheith spraíúil** | **a bheith dianseasmhach**<br>**a bheith ionchuimsitheach** | **a bheith machnamhach**<br>**a bheith leathanaigeanta** |

## A bheith i do dhéantóir ealaíne

Mar atá leagtha amach i *gCreatchuraclam na Bunscoile*, tá taithí leathan ar na healaíona ina bunchuid i rith na bunscolaíochta ar fad. Léiríonn agus síneann na hEalaíona tuiscint na bpáistí, a samhlaíocht agus a gcruthaitheacht trí réimse leathan eispéireas. Is féidir le heispéiris den sórt sin aird daoine a tharraingt, inspioráid a thabhairt agus taithí a shaibhriú, rud a spreagann samhlaíocht na bpáistí, agus a spreagann iad lena gcumas cruthaitheach agus a gcumas chun iad féin a chur in iúl a bhaint amach.

Cuireann Ealaín, Drámaíocht agus Ceol deiseanna ar fáil d'eispéiris leathana sna healaíona, lena n-áirítear ealaíona na meán agus damhsa, a bhfuil ról luachmhar acu in eispéireas páistí ar an óige. Cé go bhfuil próisis agus scileanna i gcoitinne ag Ealaín, Drámaíocht agus Ceol, tá a chuid eolais, a choincheapa agus a scileanna féin ag gach ceann acu mar aon lena luach ann féin.




**Fíor 4:** Téamaí Foghlama Domhanda

San Oideachas Ealaíon, nuair a ghlacann na páistí ról an dhéantóra ealaíne, leagtar béim ar rannpháirtíocht agus gníomhachas gníomhach na bpáistí sna healaíona ar fud gach céime den bhunscoile. Cuimsítear leis seo eispéiris foghlama scoite in Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol, agus in eispéiris foghlama sa chás ina gcuirtear níos mó ná foirm ealaíne amháin le chéile go fiúntach.

Is déantóirí ealaíne gníomhacha iad na páistí le linn dóibh a bheith ag baint triail as réimse ábhar, teicnící agus seánraí chun smaointe a chruthú, agus píosaí ealaíne 2T a dhéanamh (m.sh. líníocht, péinteáil, dathú agus printéireacht) agus píosaí ealaíne 3T a dhéanamh (m.sh. cré, tógáil, fabraic agus snáithín) i réimse stíleanna agus foirmeacha. Cuirtear feabhas ar dhéanamh ealaíne na bpáistí trí bhreathnú ar réimse saothar ealaíne, taithí a fháil orthu, agus trí bheith ag freagairt dóibh.

Is déantóirí drámaíochta gníomhacha iad na páistí nuair a bhaineann siad triail as réimse suíomhanna agus scéalta chun smaointe drámata a ghineadh agus chun drámaí a chruthú. Cuirtear

feabhas ar dhéanamh drámaíochta na bpáistí trí rannpháirtíocht ghníomhach i réimse foirmeacha agus gnásanna drámata chun é a chur ar a gcumas cásanna agus rólimirt a chur in iúl, a shiombalú agus a sheiftiú agus chun scéalta a léiriú agus chun machnamh a dhéanamh ar na scéalta sin i nDrámaíocht.

Is cumadóirí ceoil gníomhacha iad na páistí nuair a dhéanann siad iniúchadh ar fhuaimeanna agus píosaí ceoil, agus nuair a dhéanann siad iad a sheiftiú agus a chruthú, agus nuair a chanann siad amhráin chantaireachta, nuair a chanann siad réimse amhrán, agus nuair a sheinneann siad réimse cnaguirlisí agus uirlisí eile. Cuirtear feabhas ar chumadóireacht cheoil ghníomhach na bpáistí trí éisteacht le réimse ceol agus trí dhamhsa leis agus trí fhreagairt dó i réimse stíleanna agus seánraí.

Mar atá leagtha amach i *gCreatchuraclam na Bunscoile*, maireann páistí i saol comhtháite agus teastaíonn deiseanna uathu chun úsáid a bhaint as eolas agus scileanna go solúbtha. Is féidir le heispéiris foghlama chomhtháite an comhthéacs sin a chur ar fáil. Trí leas a bhaint as níos mó ná ábhar nó coincheap amháin, is féidir foghlaim i bhfoirmeacha ealaíne eile a fheabhsú agus a fhorbairt trí chur chuige comhtháite maidir le hOideachas Ealaíon. Is féidir leis seo bealach tábhachtach a chur ar fáil chun déanamh ealaíne a chothú atá diongbháilte, fiúntach agus gníomhaíoch.

Scaflálann agus tacaíonn múinteoirí le rannpháirtíocht dhomhain i ndéanamh ealaíon atá dúshlánach go cuí mar chuid de phobal foghlaimeoirí. Cothaítear agus spreagtar gníomhaíocht na bpáistí in Oideachas Ealaíon le linn dóibh a bheith ag forbairt na muiníne agus na hinniúlachta i gCruthú, Léiriú agus Cur i Láthair, Freagairt agus Ceangal, agus de réir mar a fhorbraíonn siad eolas agus tuiscint ar na príomhchoincheapa.

Tá eispéiris ar bhreathnú ar, éisteacht le, freagairt do, agus machnamh a dhéanamh ar réimse leathan saothar ealaíne ó Éirinn agus ón saol níos leithne ríthábhachtach chun inniúlacht na bpáistí a shaibhriú agus a fheabhsú chun páirt a ghlacadh mar dhéantóirí ealaíne gníomhacha ag a bhfuil tuiscint agus léirthuiscint ar ábharthacht, áilleacht agus luach na n-ealaíon.

## Ag tacú le gach foghlaimeoir

Is duine aonair gach páiste a bhfuil sraith uathúil buanna aige atá le cothú. Is iad na Torthaí Foghlama a chuireann an deis ar fáil do na páistí le foghlaim trí roinnt conairí a thacaíonn le heispéiris foghlama shaincheaptha ionchuimsitheacha, go háirithe do na páistí siúd ag a bhfuil riachtanais bhreise. Tá Conairí Tacaíochta Breise (CTB) ina gcabhair chun na heispéiris foghlama is feiliúnaí a shainaithint do na páistí ag a bhfuil riachtanais bhreise le linn dóibh a bheith rannpháirteach i dTorthaí Foghlama sa churaclam. Agus úsáid á baint ag na múinteoirí as na conairí, is féidir machnamh a dhéanamh ar an eispéireas foghlama ar bhealach níos mionsonraithe agus leibhéil chuí an dúshláin a shainaithint do pháistí. Le linn do na páistí a bheith ag foghlaim, is féidir leo taithí a fháil ar rudaí, freastal ar rudaí, freagairtí do rudaí, tús a chur le rudaí, seilbh a fháil ar rudaí agus is féidir leo éirí líofa agus a bheith ag ginearálú. Déantar cur síos níos mionsonraithe orthu seo i dTábla 6.

**Tábla 6:** Conairí tacaíochta breise


| Conairí Tacaíochta Breise | An páiste... |
|---|---|
| **Taithí a fháil** | bíonn sé i láthair i gcaitheamh gníomhaíocht foghlama. Nochtar é don timpeallacht foghlama agus/nó bíonn sé feasach uirthi. Bíonn sé ag dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama le haghaidh Oideachas Ealaíon lena n-áirítear réimse spreagthaí, rudaí, daoine, fuaimeanna agus eispéireas céadfach eile. |
| **Aird a thabhairt** | tugann sé aird ar na gníomhaíochtaí foghlama Oideachais Ealaíon a chuirtear ina láthair agus/nó téann i ngleic leo trí ghothaí, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht, srl., a athrú. Tá sé tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama. |
| **Freagairt** | taispeánann sé go bhfuil sé in ann spéis a chur i ngnéithe d'Oideachas Ealaíon laistigh den timpeallacht foghlama go gníomhach nó go diongbháilte. Tosaíonn sé ag cur in iúl céard is maith leis, céard nach maith leis nó céard is fearr leis maidir le híomhánna, fuaimeanna, amhráin, gluaiseachtaí, agus léirithe. Freagraíonn sé go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht. |
| **Tús a chur le rudaí** | bíonn sé fiosrach faoin timpeallacht foghlama Oideachais Ealaíon. Lorgaíonn sé, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le dul i ngleic leis an timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi. |
| **Sealbhú** | taispeánann sé go bhfuil eolas, coincheap nó scil a bhaineann le hOideachas Ealaíon á foghlaim. Fiosraíonn sé an fhoghlaim agus glacann sé páirt inti. |
| **Ag éirí líofa** | gluaiseann sé i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí aige orthu. Taispeánann siad go neamhspleách agus go seasta go bhfuil siad in ann cuimhneamh ar an scil/coincheap/eolas a foghlaimíodh. |
| **Ginearálú** | aistríonn sé scileanna, eolas nó coincheapa foghlamtha chuig comhthéacsanna a bhfuil taithí aige orthu agus chuig comhthéacsanna nach bhfuil, agus cuireann siad i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin. |

## 6b. Oideachas Ealaíon a Theagasc

Tá 'cén chaoi' a bhfoghlaimíonn páistí chomh tábhachtach céanna le 'céard' a fhoghlaimíonn páistí. Agus Oideachas Ealaíon á theagasc, tugtar aird ar:

- eolas ar na páistí agus a gcuid réamhfhoghlama
- cur amach ar an gcuraclam agus ar an bhfoghlaim nua atá beartaithe
- seicheamhú, struchtúrú, agus scafláil na foghlama
- rannpháirtíocht ghníomhach agus idirghníomhaíochtaí fiúntacha a chinntiú
- inathraitheacht foghlama na bpáistí agus ionchais arda ann do chách
- cothromaíocht idir cuir chuige atá faoi stiúir an mhúinteora, faoi threoir an mhúinteora agus faoi threoir an pháiste.

Tá na príomhréimsí le machnamh a dhéanamh orthu i dteagasc Oideachais Ealaíon le feiceáil i bhFíor 4 thíos. Áirítear leo sin: Cuir Chuige Chruthaitheacha, Cuir Chuige Spraíúla, Cuir Chuige Chéadfacha agus Chorpraithe, Comhtháthú, Oideolaíocht atá Freagrúil go Cultúrtha, agus Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí




**Fíor 5:** Oideachas Ealaíon a Theagasc

### Cuir Chuige Chruthaitheacha

Múineann múinteoirí go cruthaitheach agus iad ag freagairt do roghanna páistí agus trí chinntí gairmiúla a dhéanamh bunaithe ar spéiseanna, ar fhiosracht agus ar réamhfhoghlaim na bpáistí agus ar a riachtanais. Is féidir leo a bheith ag oibriú go cruthaitheach agus go comhoibríoch le comhghleacaithe agus le gairmithe eile.

Tá *A Bheith Cruthaitheach* ar cheann de na príomhinniúlachtaí i *gCreatchuraclam na Bunscoile* agus cuimsítear leis samhlaíocht, disciplín, comhoibriú, dianseasmhacht, agus fiosracht. Aithnítear san inniúlacht seo cruthaitheacht nádúrtha na bpáistí chomh maith lena bhfuinneamh cruthaitheach, agus an chaoi a dteastaíonn deiseanna uathu le bheith cruthaitheach.

Trí phoitéinseal cruthaitheach na bpáistí a chur chun cinn, is féidir tionchar dearfach a imirt ar a spreagadh, ar a bhféinmheas agus ar a bhforbairt ina hiomláine. Baineann múinteoirí úsáid as réimse modheolaíochtaí agus straitéisí atá bunaithe ar na healaíona chun éascaíocht a dhéanamh ar shruth na smaointe ar fud na ndisciplíní ealaíne.

Is féidir le múinteoirí cruthaitheacht a chur chun cinn trí:

- luach a chur ar rannpháirtíocht chruthaitheach dhomhain agus í a chumasú ar mhaithe leis an bpoitéinseal féinléiritheach a bhaineann leis
- atmaisféar ina bhfuil fiosracht spraíúil, aimsiú, dul i riosca, solúbthacht, dianseasmhacht, foighne, tástáil agus machnamh a chur chun cinn, ina n-airíonn páistí gur féidir triail eile a bhaint as rudaí nuair a theipeann orthu
- réimse spreagthaí agus rochtain ar eispéiris chultúrtha a chur ar fáil chun spreagadh a thabhairt do pháistí agus chun a samhlaíocht a chothú
- spreagadh a thabhairt do pháistí a bheith rannpháirteach i bpíosaí ealaíne, drámaíochta, ceoil agus i bhfoirmeacha ealaíne eile amhail damhsa, agus léirthuiscint a chothú do na healaíona trí mhachnamh ar na gnéithe de shaothar ealaíontóirí eile
- spreagadh a thabhairt do na páistí chun úsáid a bhaint as a samhlaíocht agus chun iniúchadh a dhéanamh ar a n-indibhidiúlacht ina saothar ionas gur féidir leo féidearthachtaí nua a chruthú, smaointe éagsúla a ghiniúint agus a chur in iúl, fadhbanna a réiteach, agus táirgí a chruthú
- ábhair spéise na bpáistí agus deiseanna le haghaidh eispéiris chruthaitheacha fhiúntacha a chothú agus a chur chun cinn trí smaointe agus mothúcháin a iniúchadh, a shoiléiriú agus a chur in iúl.
- deiseanna a chur ar fáil chun smaointe a chruthú i dtimpeallachtaí tacúla comhoibríocha
- indibhidiúlacht a chothú i saothar páistí.

### Cuir chuige spraíúla

Tá cuir chuige spraíúla lárnach maidir le foghlaim agus teagasc in Oideachas Ealaíon. Tá sé tábhachtach go gcothóidh múinteoirí timpeallacht shábháilte ina leagtar béim ar rannpháirteachas, féinléiriú, agus oscailteacht maidir le dul i riosca agus foghlaim chruthaitheach tar éis botúin a dhéanamh. I dtimpeallacht den sórt sin, agus trí chluichí fiúntacha, aimsiú agus tástáil spraíúil agus freagairt spraíúil, is féidir le paistí rudaí a fhoghlaim go nádúrtha agus go sásta ar fud gach céime den bhunscoil. Baineann leibhéil éagsúla treorach agus scaflála ó dhaoine fásta le cuir chuige spraíúla. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na múinteoirí machnamh ar ailíniú maidir leis na Torthaí Foghlama, agus ar inniúlachtaí agus spéiseanna páistí le linn dóibh a bheith ag sainaithint na n-eispéireas foghlama spraíúil is feiliúnaí.

Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as cuir chuige spraíúla trí:

- cluichí ealaíne, cluichí drámaíochta, ceol agus cluichí amhránaíochta a chur san áireamh chun tacú le foghlaim na bpáistí ó thaithí, lena n-aimsiú treoraithe, agus le comhdhlúthú na gcoincheap
- spreagadh a thabhairt do pháistí chun páirt a ghlacadh i bhfiosrú agus tástáil, machnamh a dhéanamh ar roinnt féidearthachtaí agus cur chuige, agus ábhair, smaointe agus teicnící a roghnú, a chur i bhfeidhm, a chur in oiriúint agus a mheasúnú ina ndéanamh ealaíne
- spreagadh a thabhairt do pháistí chun comhoibriú, seiftiú, fiosrú agus cruthú/comhchruthú a dhéanamh in Oideachas Ealaíon, mar bhealach chun a n-eolas, scileanna, teicnící agus coincheapa a chur i bhfeidhm agus a dhoimhniú
- spreagadh a thabhairt do pháistí chun páirt dhomhain a ghlacadh trí fhreagairt spraíúil, le saothair ealaíne i stíleanna/seánraí éagsúla trí ghníomhaíochtaí ealaíonta treoraithe, oscailte, spraíúla agus céadfacha a bhféadfar seiftiú, comhoibriú, damhsa, gluaiseacht, freagairt theagmhálach le hábhair agus rudaí, agus cruthú/athchruthú a chuimsiú leo
- a ról sa seomra ranga a chur in oiriúint go solúbtha agus go machnamhach ionas go nglacfaidh siad páirt an chomhimreora, an bhreathnóra agus an éascaitheora ag tacú le foghlaim na bpáistí, agus an fhoghlaim a shamhaltú, a threorú agus a scafláil, nuair is cuí.

Tá sé tábhachtach iarracht a dhéanamh chun cothromaíocht a bhaint amach idir cuir chuige spraíúla éagsúla a úsáidtear sa seomra ranga agus tá sé tábhachtach go mbíonn an fhoghlaim spraíúil fiúntach agus ceangailte leis na Torthaí Foghlama agus leis na coincheapa in Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol.

### Cuir chuige chéadfacha agus chorpraithe

Úsáideann páistí a n-intinní agus a gcéadfaí chun taithí a fháil ar na healaíona agus an domhan ina dtimpeall, iad a thabhairt faoi deara, páirt a ghlacadh iontu, freagairt dóibh agus foghlaim fúthu. Agus léirthuiscint á fáil ar idirnascthacht an choirp agus na hintinne, cuirtear béim ar rannpháirtíocht ghníomhach, chéadfach agus chorpraithe na bpáistí sa teagasc in Oideachas Ealaíon.

Agus páistí ag glacadh páirt in Oideachas Ealaíon céadfach agus corpraithe, cuireann na múinteoirí réimse straitéisí i bhfeidhm le haghaidh foghlaim amhairc, cluasfhoghlaim agus foghlaim chinéistéiseach. Tá achoimre orthu sin i dTábla 7, lena gcuimsítear tagairtí do: íomhánna, fuaimeanna agus uigeacht ón saol ina dtimpeall; saothair ealaíne; amhráin, scripteanna agus píosaí ceoil; damhsaí, drámaí agus amhráin le gluaiseacht; spreagthaí; gluaiseacht; siombailí agus nodaireacht; leideanna amhairc; uirlisí agus foinsí fuaime; gníomhaíochtaí teagmhálacha agus tadhlacha; agus seinm uirlisí.

**Tábla 7:** Páirt a thabhairt do pháistí in Oideachas Ealaíon céadfach agus corpraithe

## Páirt a thabhairt do pháistí in Oideachas Ealaíon céadfach agus corpraithe

### Oideachas amhairc

Taithí a fháil, tabhairt faoi deara, smaoineamh agus labhairt faoi, triail as, agus freagairt do

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Íomhánna ón saol ina dtimpeall | Saothair Ealaíne | Spreagthaí | Symbols and notation | Siombailí agus nodaireacht |

### Closoideachas

Taithí a fháil, tabhairt faoi deara, smaoineamh agus labhairt faoi, triail as, agus freagairt do

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fuaimeanna ón saol ina dtimpeall | Amhráin, scripteanna agus píosaí ceoil | Spreagthaí | Uirlisí agus foinsí ceoil |

### Oideachas cinéistéiseach

Taithí a fháil, tabhairt faoi deara, lámh ar leagan ar, triail as, agus freagairt do

| | | |
|---|---|---|
| Ábhair agus uigeacht ón domhan ina dtimpeall | Gluaiseacht | Gníomhaíochtaí teagmhálacha agus tadhlacha |
| Damhsaí, Drámaí, Amhráin le Gluaiseacht | Spreagthaí | Uirlisí a Sheinm |

Agus páirt á tabhairt do pháistí i bhfoghlaim chéadfach agus chorpraithe in Oideachas Ealaíon, spreagann múinteoirí:

- feasacht agus forbairt chéadfach agus aeistéitiúil
- réimse leathan uirlisí, íomhánna, fuaimeanna, uigeachta, réad, meán, prapaí agus uirlisí a úsáid, a bheith rannpháirteach leo agus iad a ionramháil
- rannpháirtíocht ghníomhach, éisteacht agus breathnóireacht ghéar, gluaiseacht agus foghlaim iomlánaíoch sna healaíona agus tríothu
- fiosrú fiúntach, aimsiú, sainaithint agus daingniú na bpríomhchoincheap in Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol
- forbairt na tuisceana agus na hinniúlachta méadaithe maidir le réimse teicnící a úsáid le haghaidh déanamh ealaíne
- mionscileanna agus mórscileanna luaile a fháil chomh maith le gluaiseacht chruthaitheach agus struchtúrtha
- machnamh, freagairt agus cinnteoireacht chruthaitheach
- rannpháirtíocht ilmhódach agus ilchéadfach a nascann corp, intinn, céadfaí agus mothúcháin na bpáistí lena bhfoghlaim in Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol, agus i bhfoirmeacha ealaíne eile lena n-áirítear damhsa agus ealaíona na meán.

## Comhtháthú

Cuirtear deiseanna ar fáil i gcomhtháthú d'oideolaíocht dhinimiciúil agus chruthaitheach chun éascaíocht a dhéanamh ar fhoghlaim ghníomhach agus fhiúntach. Is féidir teacht ar Thorthaí Foghlama comhtháite ar fud gach céime agus is féidir leo sin cur le foghlaim chomhtháite laistigh de na healaíona. Leagtar amach sa chuid seo an chaoi ar féidir le comhtháthú teacht chun cinn *laistigh de* na healaíon agus *trí* na healaíona.

### Comhtháthú laistigh de na healaíona

Cuimsítear le comhtháthú laistigh de na healaíona naisc a dhéanamh ar fud foirmeacha ealaíne, lena n-áirítear Ealaín, Ceol agus Drámaíocht, agus gan bheith teoranta dóibh. Is cur chuige múinteoireachta é comhtháthú *laistigh* de na healaíona inar féidir eolas idirdhisciplíneach agus próisis chruthaitheacha a chomhtháthú i bhfoirmeacha ilmhódacha léirithe. Cuimsítear leis seo coincheapa agus próisis ealaíonta choitianta chomh maith le bealaí smaoinimh nua. Is féidir dhá dhisciplín nó níos mó a iniúchadh le chéile ar bhealaí a threisíonn a chéile, rud a fhorbraíonn smaointe agus a leathnaíonn an fhoghlaim. Mar shampla, más rud é go bhfuiltear ag déanamh gearrscannáin, is féidir leis na páistí iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe amhairc, drámata agus ceoil a d'fhéadfadh cuidiú leis an bhfoirm ealaíne chomhtháite seo a chruthú.

### Comhtháthú trí na healaíona

Cuimsítear le comhtháthú trí na healaíona smaointe a nascadh le chéile ar fud réimsí curaclaim. Nascann an próiseas seo foirmeacha ealaíne agus réimsí ábhair eile le chéile agus tugann sé aghaidh ar an bhfoghlaim sa phéire acu. Aithnítear sa chur chuige iomlánaíoch seo an poitéinseal atá ag na healaíona foghlaim a dhoimhniú nó a leathnú i réimsí eile - mar shampla, úsáid a bhaint as amhráin chun teanga a theagasc, dráma chun stair a theagasc, nó ealaín chun tuiscint ar shaincheisteanna sóisialta agus timpeallachta a chur in iúl. Ar an gcaoi seo, is féidir le páistí na meonta a fhorbairt chun a n-eolas a chur i bhfeidhm agus a scileanna a úsáid go solúbtha. Cuirtear deiseanna ar fáil in eispéiris foghlama éagsúla den sórt seo ar mhaithe le fadhbanna a réiteach,

cinnteoireacht, cruthaitheacht agus comhoibriú. Is féidir leis na páistí páirt a ghlacadh i bhfoghlaim bunaithe ar fhiosrú, i bpróisis smaoinimh deartha agus/nó is féidir leo iniúchadh a dhéanamh ar roinnt téamaí in obair atá bunaithe ar thionscadal. Ba cheart go mbeadh comhtháthú trí na healaíona fiúntach i gcónaí, agus ba cheart go mbeadh sé ceangailte le torthaí foghlama agus coincheapa in Ealaín, Drámaíocht, agus Ceol.

### Damhsa: Comhtháthú laistigh de na healaíona agus tríothu

Is foirm ealaíne é damhsa a chomhtháthaítear laistigh de na healaíona agus tríothu. Cruthaíonn páistí, léiríonn siad, cuireann siad rudaí i láthair, freagraíonn siad agus ceanglaíonn siad le linn dóibh a bheith ag foghlaim i ndamhsa, rud a thagann leis na Torthaí Foghlama in Oideachas Ealaíon. Glacann siad páirt i ngluaiseacht ar aon dul leis na coincheapa Drámaíochta mar bhealach chun iniúchadh a dhéanamh ar a gcoirp agus iad a chur in iúl. Chomh maith leis sin, déanann na páistí iniúchadh ar ghluaiseacht agus ar dhamhsa agus cuireann siad i bhfeidhm iad le linn dóibh a bheith rannpháirteach i gCeol, agus iad ag léiriú tuiscint níos doimhne ar choincheapa lena n-áirítear buille, luas agus dinimic.

Déanann na páistí iniúchadh ar fheasacht choirpleabharmharc://leabharmharc3/, feasacht spáis iarracht agus caidrimh trí ghluaiseacht. Treisítear na smaointe seo nuair a bhaineann na páistí úsáid as réimse leibhéal agus conairí ina ndamhsa agus nuair a dhéanann siad machnamh ar a gcaidrimh fhisiciúla le daoine eile. Trí iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha damhsa ó oidhreachtaí agus comhthéacsanna cultúrtha éagsúla, lena n-áirítear damhsa tíre, cuirtear eolas agus taithí ar dhamhsa ó chultúr na hÉireann agus ó chultúir níos leithne ar fáil do pháistí. Is féidir lena leithéid de thaithí nascadh le foghlaim faoi chultúir, oidhreachtaí agus aitheantais i réimsí eile den churaclam freisin

Déantar machnamh in Oideachas Ealaíon ar chaighdeán léirithe na gluaiseachta agus ar léirthuiscint do ghnéithe aeistéitiúla agus ealaíonta a fhaightear i ndamhsa. Le linn do na páistí a bheith i mbun damhsa, foghlaimíonn siad cén chaoi le húsáid a bhaint as a bhfisiciúlacht go héifeachtúil chun smaointe, mothúcháin agus ceolmhaireacht a chur in iúl. Mar sin, is foirm ealaíne é damhsa ina gcomhtháthaítear aidhmeanna, coincheapa agus torthaí foghlama ó Oideachas Ealaíon agus ó Chorpoideachas, laistigh de na healaíona agus tríothu.

### Oideolaíocht atá freagrúil go cultúrtha

Aithnítear in oideolaíocht atá freagrúil go cultúrtha acmhainní uathúla na bpáistí agus cuirtear luach orthu, chomh maith lena spéiseanna, a gcúlraí éagsúla, a dteangacha, agus a gcultúir. Déantar iarracht inti timpeallacht foghlama ionchuimsitheach a chothú do chách. Anuas ar an gceiliúradh a dhéantar in Oideachas Ealaíon ar thobar saibhir na héagsúlachta cultúrtha, lena n-áirítear traidisiúin agus oidhreachtaí áitiúla, náisiúnta, Éireannacha agus idirnáisiúnta, cuidíonn Oideachas Ealaíon leis na páistí léirthuiscint a fháil ar aitheantais éagsúla agus luach a chur orthu.

Tugann páistí tobar tuisceana, eolais agus taithí ar na healaíona isteach sa seomra ranga. Ba cheart do na múinteoirí tuiscint agus léirthuiscint dhílis idirchultúrtha, Éireannach agus idirnáisiúnta a chur chun cinn trí:

- caidrimh a chothú trí bhealaí comhoibríocha oibre agus páistí a spreagadh chun samplaí de na healaíona óna dteaghlaigh agus óna bpobail féin a chomhroinnt
- dearcthaí cultúrtha éagsúla a chomhtháthú i dteagasc Oideachais Ealaíon
- a chinntiú go bhfuil naisc fhiúntacha i bhfoghlaim na bpáistí sna healaíona le pobail agus le comhthéacsanna áitiúla agus níos leithne
- deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun taithí a fháil ar dhamhsa, ceol agus saothair ealaíne a bhaineann le traidisiúin, cultúir agus oidhreachtaí áitiúla, náisiúnta, Éireannacha agus idirnáisiúnta
- tacú le páistí chun machnamh a dhéanamh ar intinniúlacht an ealaíontóra, ar léirmhíniú an bhreathnadóra, agus ar an gcaoi a ndéanann comhthéacsanna agus cultúir éagsúla eolas dóibh seo.

Ba cheart an nascadh le cultúir níos leithne a dhéanamh go tuisceanach. Tugtar spreagadh do na páistí naisc a dhéanamh idir na healaíona agus comhthéacsanna geografacha, stairiúla, sóisialta comhaimseartha agus cultúrtha. Comhtháthaíonn sé sin agus cuireann sé le foghlaim agus teagasc in OSI.

### Comhoibriú agus comhpháirtíochtaí

Is iad na múinteoirí is fearr chun freagairt don chomhthéacs agus do riachtanais na bpáistí ina rang. Mar sin féin, i roinnt cásanna, is féidir leis na múinteoirí a bheith ag oibriú i gcomhar le páirtí (bíodh sé sin le comhghleacaí sa scoil/scoil béal dorais, ealaíontóir, éascaitheoir seachtrach nó acmhainn dhigiteach) chun éascaíocht a dhéanamh ar fhoghlaim sna healaíona. Más rud é go bhfuiltear ag obair ina leithéid de chomhpháirtíochtaí, tá sé riachtanach go mbeadh cur chuige ann ina bhfuil cóimheas agus atá comhoibríoch maidir le soláthar na n-eispéireas foghlama. Ba cheart go ndéanfaí machnamh i bpleanáil ar chomhthéacs na scoile, ar na ceangail le réamhfhoghlaim na bpáistí agus ba cheart go gcinnteofaí sa phleanáil go gcomhlíontar riachtanais na bpáistí ar fad. Ba cheart do na scoileanna agus do na múinteoirí a chinntiú go dtagann gach ionchur seachtrach leis an gcur chuige maidir le foghlaim, teagasc agus measúnacht mar atá leagtha amach i *gCreatchuraclam na Bunscoile* agus i *gCuraclam Oideachais Ealaíon na Bunscoile*.

Is féidir le ceangail idir na scoileanna agus an pobal ealaíon níos leith foghlaim na bpáistí a shaibhriú agus a leathnú. Le linn do na múinteoirí a bheith ag pleanáil le haghaidh Oideachas Ealaíon, is féidir leo deiseanna a thapú chun rannpháirtíocht na bpáistí a leathnú le réimse d'eispéiris ealaíne shaibhre fhiúntacha. Is féidir Oideachas Ealaíon a shaibhriú trí chuairteanna a thabhairt ar thaispeántais, drámaí, agus léirithe ceoil ar bhonn pearsanta agus/nó ar líne. Mar

rogha eile, d'fhéadfadh na ceoltóirí, amharc-ealaíontóirí, drámadóirí, damhsóirí nó déantóirí ealaíne eile teacht chuig an scoil chun a saothar a roinnt leis na páistí.

Ba cheart ionchur ó dhaoine eile a chothromú le hionchur ón múinteoir ranga lena chinntiú go gcoinníonn na múinteoirí an ról lárnach maidir le seachadadh *Churaclam Oideachais Ealaíon na Bunscoile*. Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le foghlaim na bpáistí, ailíniú idir an t-éascaitheoir seachtrach agus *Curaclam Oideachais Ealaíon na Bunscoile* i dtaca le hinneachar, cuir chuige oideolaíochta agus riachtanais, aois agus aibíocht na bpáistí. I gcás ina mbíonn ionchuir, cláir, agus éascaitheoirí ann, coinníonn an múinteoir ranga ról lárnach agus gníomhach maidir le teagasc agus foghlaim. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis seo tacú le páistí, teagasc foirne agus a chinntiú go mbíonn ceangail fhiúntacha le réamhfhoghlaim agus foghlaim thodhchaíoch.

Tar éis do na páistí eispéiris a bheith acu a bhaineann le comhoibriú agus comhpháirtíocht, ba cheart do na múinteoirí deiseanna a chur ar fáil le haghaidh machnaimh agus chun ceangail a dhéanamh. Tacaíonn sé seo leis an múinteoir chun aiseolas a bhailiú, machnamh a dhéanamh ar éifeachtúlacht an eispéiris foghlama agus í a mheas maidir le hOideachas Ealaíon iomlánaíoch na bpáistí a chomhlánú, agus machnamh a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh teagaisc agus foghlama.

## 6c. Measúnú a dhéanamh ar Oideachas Ealaíon

Is bunchuid den teagasc agus den fhoghlaim é an measúnú in Oideachas Ealaíon. Bíonn múinteoirí agus páistí ag obair le chéile mar chuid de i gcomhphróiseas ionchuimsitheach, leanúnach agus comhroinnte chun bonn eolais a chur faoi agus chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Is gairmithe tiomanta, sciliúla agus gníomhaíocha iad na múinteoirí. Le linn do na páistí a bheith ag freagairt dá gcomhthéacsanna ranga uathúla, bailíonn siad agus déanann siad taifead agus measúnú ar fhianaise chun breithiúnais fheiliúnacha a thabhairt ar dhul chun cinn na bhfoghlaimeoirí agus déanann siad cinntí tábhachtacha faoi fhoghlaim agus teagasc in Oideachas Ealaíon. Is iad na nithe seo a leanas is bonn leis na cinntí sin:

- Cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim
- Cur amach ar an gcuraclam
- Cur amach ar oideolaíocht

### Cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim

Téann páistí i ngleic le agus déanann siad próiseáil ar a gcuid foghlama in Oideachas Ealaíon ar bhealaí difriúla ag brath ar an aois, cumas, buanna, roghanna, agus spéiseanna atá acu. Tá sé riachtanach go bhfuil eolas maith ag an múinteoir ar réamhfhoghlaim na bpáistí agus go bhfuil tuiscint mhaith aige ar Oideachas Ealaíon chun timpeallacht foghlama ionchuimsitheach, thacúil agus éifeachtach a chothú. Tá réamhfhoghlaim agus tuiscint reatha na bpáistí mar chuid den túsphointe le haghaidh foghlaim nua.

Is é an cur amach seo ar na páistí, ar a réamhfhoghlaim agus ar a dtuiscint reatha a chuireann bonn eolais faoin seicheamh agus scafláil chuí foghlama a thacaíonn le páistí maidir le tógáil ar a gcuid eolais, scileanna, agus coincheapa, agus iad a dhoimhniú. Tacaíonn sé leis na múinteoirí chun an timpeallacht agus na heispéiris foghlama a chur in oiriúint chun a riachtanais agus spéiseanna a chomhlíonadh, rud a chothaíonn timpeallacht ionchuimsitheach inar féidir leis na páistí ar fad páirt a ghlacadh in eispéiris foghlama ábhartha, fhiúntacha, thaitneamhacha, agus tugtar dúshláin fheiliúnacha do na páistí ar an gcaoi seo agus faigheann siad taithí ar bheith rathúil.

Cuirtear úinéireacht agus gníomhaireacht mhéadaithe in Oideachas Ealaíon chun cinn trí spreagadh a thabhairt do pháistí chun a smaointe, machnaimh agus roghanna a chur in iúl sa phróiseas foghlama. I dteannta leis sin, foghlaimíonn na múinteoirí tuilleadh faoi na páistí agus faoina n-eispéiris foghlama.

### Cur amach ar an gcuraclam

Agus páistí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama, agus a n-eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí, agus luachanna á bhforbairt agus á ndoimhniú acu in Oideachas Ealaíon, tugann measúnú léargais agus eolas úsáideach dúinn ar dhul chun cinn na bpáistí. Is féidir le múinteoirí nó páistí breathnóireacht a dhéanamh ar an eolas seo, é a léirmhíniú, nó é a úsáid, ar bhealach sofhreagrach, chun tacú le cinntí a dhéanamh ar bhonn leanúnach faoi na céimeanna atá le teacht le haghaidh foghlama agus teagaisc.

### Cur amach ar oideolaíocht


Trí mhachnamh a dhéanamh ar na deiseanna foghlama (de réir mar a leagtar amach iad i gcuid 6a) agus ar na cleachtais oideolaíochta (de réir mar a leagtar amach iad i gcuid 6a) is féidir le múinteoirí an timpeallacht foghlama agus na cleachtais oideolaíochta a bheachtú agus a leasú

chun eispéiris foghlama Oideachais Ealaíon na bpáistí a shaibhriú. Tá foghlaim bunaithe ar chomhthuiscint ar dhéanamh ealaíne rathúil agus ar a bhfuil i gceist le bheith rannpháirteach mar dhéantóirí ealaíne gníomhacha agus gníomhaíocha. Más rud é go bhfuil feasacht ag na múinteoirí go bhfuil dearcadh éagsúil ag gach duine ar an méid seo, agus mura mbíonn siad ag iarraidh foirfeacht agus macasamhlú a bhaint amach, tacaíonn sé seo leo chun freagairt go cuí d'fhoghlaim na bpáistí. Cuireann comhráite gairmiúla le comhghleacaithe, forbairt ghairmiúil leanúnach, agus rochtain ar acmhainní teagaisc mar chuid d'Uirlisí Úsáide Oideachais Ealaíon ar líne, tuilleadh tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí.

### Deiseanna chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim in Oideachas Ealaíon

Is riachtanach an cumas chun foghlaim fhéideartha a fhorbairt a eascraíonn as gníomhaíochtaí Oideachais Ealaíon laethúla na bpáistí le haghaidh pleanála agus measúnaithe. Tacaíonn Curaclam na nEalaíon le contanam measúnaithe a leagtar amach i *gCreatchuraclam na Bunscoile* (mar atá le feiceáil i bhFíor 7).

Le linn an phróisis foghlama in Oideachas Ealaíon, is minic a tharlaíonn measúnú trí thimpiste agus gan smaoineamh. Is féidir sonraí measúnaithe saibhre a fháil trí ghlacadh le deiseanna gan choinne le haghaidh foghlama agus trí léargais luachmhara a thapú ó eispéiris, freagraí agus ceisteanna na bpáistí.




**Fíor 6:** Contanam Measúnaithe (Creatchuraclam na Bunscoile, 2023)

### Modhanna maidir le measúnú a dhéanamh ar Oideachas Ealaíon

Is é is aidhm do mheasúnú in Oideachas Ealaíon tacú le páistí chun a n-inniúlacht a aithint chun páirt ghníomhach agus ghníomhaíoch a glacadh mar Dhéantóirí Ealaíne a fhorbraíonn a saothar, a thugann breithmheas air agus a chuireann feabhas air. Is féidir úsáid a bhaint as réimse modhanna measúnaithe go hinmhalartaithe chun cuidiú le pictiúr cuimsitheach a fháil ar fhoghlaim na bpáistí in Oideachas Ealaíon le himeacht aimsire. Tá roinnt modhanna thíos atá in ann tacú le múinteoirí chun cinntí eolasacha agus freagrúla a dhéanamh faoi dheiseanna foghlama agus teagaisc as seo amach do gach páiste.

**Breathnú**: Tá múinteoirí in áit a bhfuil sé éasca breathnú ar pháistí, éisteacht leo agus idirghníomhú leo go gníomhach de réir mar a thugann siad faoi eispéiris foghlama in Oideachas

Ealaíon agus freagairt ar chásanna tráthúla foghlama de réir mar a thagann siad chun cinn go nádúrtha. Cuireann sé seo eolas measúnaithe ríthábhachtach ar fáil do mhúinteoirí. Is féidir le breathnuithe a bheith an-úsáid chun measúnú a dhéanamh ar scileanna, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas, iompraíochtaí agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile.

**Aiseolas:** Is féidir aiseolas a fhí isteach ar fud na n-eispéireas foghlama. Is féidir deiseanna a chruthú do pháistí chun a ndul chun cinn agus a ngaiscí a léiriú, a aithint agus léirthuiscint a thabhairt orthu, dúshláin a shainaithint, moltaí a chur ar fáil agus cinntí a dhéanamh faoi na chéad chéimeanna eile trí aiseolas éifeachtach, tráthúil, agus cuiditheach a chur ar fáil a bhaineann le fócas na foghlama.

**Ceisteanna:** Ceisteanna atá éifeachtach, dea-dhéanta, dian, agus atá oscailte agus a bhfuil am cuí feithimh i gceist leo, is féidir leo tacú le múinteoirí chun tuiscint na bpáistí a mheas. Is féidir le ceistiúchán a bheith ina chabhair freisin chun tuiscint na bpáistí a fhorbairt trí spreagadh a thabhairt dóibh chun machnamh a dhéanamh, smaoineamh go criticiúil, ceangail a dhéanamh agus cuimhneamh ar dhearcthaí agus cuir chuige éagsúla. Tugtar spreagadh do na páistí chun a bhfreagairtí a chur in iúl go cruthaitheach, agus chun ceisteanna a chruthú agus a chur mar chuid den phróiseas foghlama.

**Seicliostaí, rúibricí agus critéir ratha:** Cuimsítear le seicliostaí, rúibricí agus critéir ratha úsáid a bhaint as sraith shoiléir critéar chun measúnú a dhéanamh ar dhéanamh ealaíne. Ba cheart go mbeadh siad soiléir agus achomair, agus ba cheart go mbeadh siad nasctha le scileanna, próisis agus coincheapa sonracha agus/nó eolas sonrach. Cé gurb iad múinteoirí a d'fhéadfadh iad sin a dhearadh, is féidir le páistí ról lárnach a ghlacadh freisin chun seicliostaí, rúibricí agus critéir ratha a chomhchruthú chun a bhfoghlaim féin a threorú agus chun tacú léi, de réir mar a ghlacann siad páirt i gCruthú, Léiriú agus Cur i Láthair, agus i bhFreagairt agus Ceangal.

**Measúnú bunaithe ar fheidhmíocht:** Is é measúnú bunaithe ar fheidhmíocht in Oideachas Ealaíon a spreagann páistí a bhfoghlaim a léiriú trí eispéiris dhearfacha, fhiúntacha agus atá páisteláraithe maidir le Cruthú, Léiriú agus Cur i Láthair; agus Freagairt agus Ceangal. Is féidir leis measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann siad a n-eolas i bhfeidhm chomh maith lena scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí, agus luachanna ar fud réimse comhthéacsanna 'fíorshaoil'. D'fhéadfadh go gcuimseofaí leis léirithe nó cuir i láthair scríofa, ó bhéal, praiticiúla is féidir le duine aonair a dhéanamh nó is féidir a dhéanamh mar chuid de ghrúpa.

**Punanna:** Is foirm mheasúnaithe uathúil iad na punanna atá bunaithe ar fheidhmíocht ina roghnaíonn páistí píosaí saothair chun a bhfoghlaim leanúnach a léiriú. Is féidir iad a chruthú go digiteach nó ar bhealaí eile chun fianaise ar fhoghlaim na bpáistí in Oideachas Ealaíon a chur i dtoll a chéile, chun ealaín nithiúil a chuimsiú mar aon le híomhánna, físeáin agus taifeadtaí digiteacha. Is féidir le páistí scéalta agus machnaimh foghlama ar chur sna punanna ina leagtar amach an próiseas a bhaineann lena ndéanamh ealaíne, agus ar an gcaoi seo, cuireann na punanna foinse féinmhachnaimh, aiseolais agus mheasúnaithe ar fáil do na páistí agus léirítear iontu fás agus forbairt na bhfoghlaimeoirí le himeacht aimsire.

**Féinmheasúnacht agus piarmheasúnacht:** In Oideachas Ealaíon, úsáideann múinteoirí réimse straitéisí chun tacú le páistí chun páirt a ghlacadh i bhféinmheasúnacht agus i bpiarmheasúnacht. Nuair a chuirtear na páistí i lár an phróisis measúnaithe, spreagtar iad chun machnamh a

dhéanamh ar a ndéanamh ealaíne, agus a roghanna agus a léirmhínithe ealaíonta a mhíniú. Éascaíonn obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga machnamh grúpa agus comhroinnt aiseolais. Tá sé tábhachtach cultúr seomra ranga agus timpeallacht foghlama atá oscailte, measúil agus comhoibríoch chun tacú le rannpháirtíocht na bpáistí i bhféinmheasúnú agus i bpiarmheasúnú atá fiúntach.

Tacaíonn úsáid fhiúntach as doiciméadacht le cleachtas maith measúnaithe. Tagann an cháipéisíocht chun cinn as an bpróiseas bailithe fianaise, agus bíonn nótaí mínithe agus nótaí eile a rinne an múinteoir le fáil ann. Cuireann cáipéisíocht den sórt sin leis an bpictiúr saibhir iomlán a theastaíonn ó na múinteoirí ar gach páiste mar fhoghlaimeoir chun an tacaíocht agus na heispéiris a chur ar fáil chun tacú le dul chun cinn agus le forbairt ar fud an churaclaim.

# 7. Leagan amach na nUirlisí Úsáide Oideachais Ealaíon

Cuimseofar le hUirlisí Úsáide Oideachais Ealaíon ar líne réimse tacaíochtaí do mhúinteoirí, lena n-áirítear samplaí d'ábhair foghlama agus tacaíochta na bpáistí lena n-úsáid ag múinteoirí le Curaclam Ealaíne na Bunscoile.



## 8. Gluais

Tarraingíonn an ghluais aird ar eochairfhocail agus ar théarmaíocht a úsáidtear sa churaclam, rud a bhféadfadh nach mbeadh taithí ag na múinteoirí air nó d'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh mínithe ag teastáil uathu.

| | |
|---|---|
| **Aitheantas ceoil** | An dearcadh atá ag duine ar a fhéiniúlacht cheolmhar, rud a bhíonn ag forbairt i gcaitheamh an ama |
| **Amhráin chantaireachta** | Píosaí ceoil lena gcuimsítear na rithimí céanna ó bhéal arís agus arís eile nó míreanna séiseacha |
| **Coincheapa** | Na príomhchodanna agus bloic thógála Ealaíne, Drámaíochta, agus Ceoil agus le haghaidh foghlaim i bhfoirmeacha ealaíne eile |
| **Cruth** | Imlíne |
| **Cruthú brí siombalach** | Úsáid a bhaint as siombailí amhail focail, gothaí, agus íomhánna, chun eolas a chur in iúl nó chun machnaimh, mothúcháin nó smaointe a chur in iúl do dhaoine eile |
| **Daoine eile** | Cineálacha éagsúla de lucht féachana ó phiaraí, grúpaí beaga, ranganna eile, an scoil uilig nó tuismitheoirí |
| **Ealaíona na meán** | Ag cruthú trí theicneolaíochtaí cumarsáide amhail teilifís, scannánaíocht, físeáin, nuachtáin, raidió, cluichí físe, an t-idirlíon agus meáin mhóibíleacha. |
| **Éascaitheoirí seachtracha** | Gairmithe a thugann a dtacair sainscileanna leo ar scoil chun cur le saothar an mhúinteora agus na bpáistí |
| **Foinsí fuaime** | Trealamh nó feiniméin a ghineann fuaim m.sh. guth, cnaguirlisí agus uirlisí atá tiúnáilte agus neamhthiúnáilte, cnagcheol colainne nó uirlisí digiteacha |
| **Foirmeacha drámata** | Foirmeacha éagsúla chun dráma a chruthú m.sh. imirt chomhoibríoch, seiftiú, mím, pictiúir reoite, seiteanna beartaithe, léirmhíniú |
| **Ilmhódach** | Úsáid a bhaint as réimse bealaí chun foghlaim a chumasú agus a léiriú m.sh. labhairt, léiriú, teicneolaíocht a úsáid |
| **Meáin** | Ábhair agus uirlisí a úsáideann na healaíontóirí |
| **Míriú** | Múnlú na bpasáistí gearra/na míreanna mar chuid de struchtúr níos mó |
| **Ostinato** | Patrún leantach séise nó rithime a théann le hamhrán nó píosa ceoil |
| **Saothair ealaíne** | Téarma uileghabhálach a dhéanann tagairt do gach cineál saothar sna healaíona, lena n-áirítear ealaín, ceol agus drámaíocht m.sh. píosaí ceoil, scannáin, drámaí srl. |
| **Saothair ealaíne** | Tagraíonn sé sin do na saothair in amharc-ealaín go sonrach m.sh. péintéireacht, cré, priontáil srl. |
| **Seánra** | Stíl, foirm nó catagóir na n-ealaíon |
| **Seiftiú** | Cruthaigh go spontáineach agus/nó gan ullmhúchán |
| **Séis** | Déantar séis/fonn trí rithimí agus tuinairde a chur le chéile |
| **Taispeántais** | Taispeántas nó léiriú foghlama agus saothair sna healaíonta. |

# 9. Aguisíní

## Aguisín A: Achoimre ar dhul chun Cinn na gcoincheap in Ealaín

| Coincheap Ealaíne | Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 | Céim 4 |
|---|---|---|---|---|
| **Líne**<br>Ceanglaíonn sí dhá phointe, agus is féidir léi a bheith tiubh, tanaí, fíneálta, trom, cuartha, díreach, leanúnach nó briste. | línte agus marcanna a aimsiú sa timpeallacht nádúrtha agus an timpeallacht de dhéantús an duine<br><br>iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh roinnt gnéithe a bheith ag baint le línte, ar an gcaoi a gcruthaíonn siad gluaiseacht, agus ar an gcaoi a seasann siad do chruthanna agus do réada agus an chaoi sin a léiriú | línte de chaighdeáin éagsúla a úsáid go bríomhar ar fud réimse meán chun gluaiseacht agus patrún a chruthú, agus chun cruthanna, réada agus comhthéacsanna a léiriú | línte de chaighdeáin éagsúla a úsáid go bríomhar ar fud réimse meán chun gluaiseacht, patrún, béim, siméadracht a chruthú, agus chun cruthanna agus réada a léiriú agus a imlíniú lena n-áirítear foirmeacha teibí<br><br>sceitsí líne agus léaráidí a úsáid chun smaointe tionscadail agus deartha a phleanáil lena léirmhíniú i bhfoirm 3-T | breathnú ar agus iniúchadh a dhéanamh ar línte de chaighdeáin éagsúla agus iad a úsáid go bríomhar ach a bheith airdeallach ar ábhair agus uirlisí ar fud réimse meán chun gluaiseacht, patrún, béim, siméadracht agus codarsnacht a léirmhíniú agus a chruthú, agus chun cruthanna agus réada a léiriú agus a imlíniú lena n-áirítear coincheapa teibí<br><br>sceitsí líne, líníochtaí agus léaráidí a úsáid chun fadhbanna a réiteach agus chun smaointe tionscadail agus deartha a phleanáil le léirmhíniú i bhfoirm 3-T |
| **Cruth**<br>Geoiméadrach, amhail cearnóga agus ciorcail, nó orgánach, amhail cruthanna saorfhoirme nó nádúrtha | breathnú ar agus fáil amach go cruthaítear cruthanna trí línte a cheangal<br><br>cruthanna simplí geoiméadracha a aimsiú agus a shainaithint i dtimpeallachtaí agus i | cruthanna simplí a thaispeáint agus a aithint le gnéithe éagsúla (meascáin, idirghníomhaíochtaí agus úsáid as claonspás) i dtimpeallacht agus i saothair ealaíne | breathnú ar agus iniúchadh a dhéanamh ar chruthanna de chaighdeáin éagsúla agus iad a úsáid (meascáin, idirghníomhaíochtaí agus úsáid as claonspás) go bríomhar ar fud réimse meán chun gluaiseacht, patrún agus siméadracht a chruthú, agus chun tús a chur le cruthanna | breathnú ar agus iniúchadh a dhéanamh ar chruthanna de chaighdeáin éagsúla a éiríonn níos casta de réir a chéile agus iad a úsáid (meascáin, idirghníomhaíochtaí agus úsáid as claonspás) go bríomhar ar fud réimse meán chun gluaiseacht, patrún, siméadracht agus codarsnacht a |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | saothair ealaíne nádúrtha agus de dhéantús an duine | nádúrtha agus de dhéantús an duine.<br><br>cruthanna a úsáid chun gluaiseacht agus patrún a chruthú agus chun tús a chur le cruthanna agus réada a léiriú ar fud réimse meán | agus réada a léiriú lena n-áirítear foirmeacha teibí | léirmhíniú agus a chruthú, agus chun cruthanna agus réada a léiriú |
| **Foirm**<br>Cruthaithe in ealaín 3T trí úsáid a bhaint as réimse ábhar agus teicnící, agus molta in ealaín 2T trí úsáid a baint as dath agus ton. | réimse foirmeacha i ndéantáin 3-T a iniúchadh sa timpeallacht nádúrtha agus de dhéantús an duine<br><br>déantáin 3-T shimplí a láimhseáil, a mhothú, a mhúnlú agus a chruthú ach úsáid a bhaint as réimse ábhar intuargainte (m.sh. cré, plaistisín) | réimse foirmeacha i ndéantáin 3-T a shainaithint sa timpeallacht nádúrtha agus de dhéantús an duine<br><br>déantáin 3-T a mhúnlú agus a chruthú ach úsáid a bhaint as réimse ábhar (m.sh. cré, plaistisín, páipéar, réada de dhéantús an duine) ach aire a thabhairt ar chothromaíocht | réimse foirmeacha a chruthú i ndéantáin 3-T ach úsáid a bhaint as réimse ábhar ach aire a thabhairt ar chothromaíocht, patrún, siméadracht agus imirt an tsolais agus an scátha<br><br>iniúchadh a dhéanamh ar agus úsáid a bhaint as foirm go bríomhar ar fud réimse meán<br><br>maidir le húsáid as líne, cruth, dath agus ton ar dhromchla comhréidh, fáil amach cén chaoi ar féidir leis sin foirm a thabhairt le fios i ndéantáin 2-T | réimse foirmeacha a chruthú agus a chur le chéile i ndéantáin 3-T ach úsáid a bhaint as réimse ábhar ach aire a thabhairt ar chothromaíocht, patrún, siméadracht agus imirt an tsolais agus an scátha<br><br>breathnú ar, agus iniúchadh a dhéanamh ar agus úsáid a bhaint as foirm go bríomhar ar fud réimse meán le comhthéacs ar leith<br><br>iniúchadh a dhéanamh ar agus úsáid a bhaint as líne, cruth, dath agus ton go bríomhar ar dhromchla comhréidh chun foirm a thabhairt le fios, agus chun seachmall na doimhneachta a chruthú i ndéantáin 2-T |
| **Dath agus Ton**<br>Tá dath bunaithe ar chiorcal na | dathanna simplí a aimsiú agus a rangú sa timpeallacht nádúrtha | breathnú ar réimse dathanna agus ton agus iad a léiriú agus a | breathnú go cúramach ar réimse dathanna agus ton agus iad a léiriú | úsáid a bhaint as breathnóireacht mhionsonraithe chun réimse dathanna agus ton a iniúchadh agus a aithint sa |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ndathanna. Is ionann ton agus éadroime nó dorchadas datha. Baineann teocht le cé acu atá an dath 'teolaí' nó 'fionnuar'. | agus sa timpeallacht de dhéantús an duine<br><br>bundathanna a mheascadh chun dathanna tánaisteacha a dhéanamh agus idirdhealú a dhéanamh idir geal agus dorcha | shainaithint sa timpeallacht nádúrtha agus de dhéantús an duine<br><br>iniúchadh a dhéanamh ar agus breathnú ar réimse ton agus é a chruthú ó fhordhathanna bunúsacha<br><br>úsáid a bhaint as dath agus ton ar fud réimse meán ach aire a thabhairt ar phatrún, athdhéanamh, éagsúlacht agus codarsnacht | agus a aithint sa timpeallacht nádúrtha agus de dhéantús an duine<br><br>dathanna teolaí agus fionnuara a aimsiú agus a rangú bunaithe ar chiorcal na ndathanna, agus toin a éiríonn níos gile agus níos dorcha de réir a chéile a anailísiú agus a mheascadh<br><br>úsáid a bhaint as dath agus ton ar fud réimse meán ach aire a thabhairt ar phatrún, athdhéanamh, éagsúlacht, codarsnacht agus armóin | timpeallacht nádúrtha agus de dhéantús an duine, agus chun bonn eolais a chur faoin smaointeoireacht agus cruthaitheacht ealaíonta ar fud réimse meán<br><br>dathanna teolaí agus fionnuara a aimsiú, a iniúchadh, a mheascadh agus a úsáid, mar aon le dathanna feiliúnacha agus comhchuí agus éagsúlachtaí ina saothair ealaíne<br><br>úsáid a bhaint as dath agus ton ar fud réimse meán chun patrún, athdhéanamh, éagsúlacht, codarsnacht, armóin, béim agus comhréir a chruthú agus chun foirm a thabhairt le fios |
| **Uigeacht**<br>Gairbhe nó míne dromchla, agus an chaoi a mothaíonn sé nuair a leagann tú do lámh air. Is féidir é a chruthú in ealaín 3T trí úsáid a bhaint as réimse ábhar agus teicnící. Is féidir é | iniúchadh a dhéanamh ar uigeacht a thagann i láthair sa timpeallacht agus réada a fháil agus fáil amach cén caidreamh atá idir an chaoi a mothaíonn rudaí (m.sh. mín, garbh, síodúil, fionnaitheach, greamaitheach, tuairteálach srl.) agus an | iniúchadh a dhéanamh ar uigeacht a thagann i láthair sa timpeallacht agus réada a fháil agus fáil amach cén caidreamh atá idir an chaoi a mothaíonn rudaí (m.sh. mín, garbh, síodúil, fionnaitheach, greamaitheach, tuairteálach srl.) agus | seachmall na huigeachta a thabhairt le fios i saothair 2T ach úsáid a bhaint as roinnt línte, patrún agus toin i líníochtaí agus triail a bhaint as réimse uirlisí<br>uigeacht fíordhromchla a chruthú i saothair 3T lena n-áirítear úsáid a bhaint as eitseáil, cabhraíocht, polladh, déanamh patrún, pinseáil, comhdhlúthú, scríobadh, slíomadh | seachmall na huigeachta a thabhairt le fios i saothair 2T ach úsáid a bhaint as roinnt línte, patrún agus toin i líníochtaí agus triail a bhaint as réimse uirlisí<br>uigeacht fíordhromchla a chruthú i saothair 3T lena n-áirítear úsáid a bhaint as eitseáil, cabhraíocht, polladh, déanamh patrún, pinseáil, comhdhlúthú, scríobadh, slíomadh agus triail a bhaint as réimse ábhar agus uirlisí. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| a mholadh trí líne, dath agus ton a úsáid in ealaín 2T. | chosúlacht atá orthu (gléineach, neamhlonrach, spiacánach srl.)<br>uigeacht a aistriú ó dhromchla amháin go ceann eile agus fáil amach gur féidir cuimilteáin agus priontaí maithe a dhéanamh de dhromchlaí corracha | an chosúlacht atá orthu (gléineach, neamhlonrach, spiacánach srl.)<br>uigeacht a aistriú ó dhromchla amháin go ceann eile agus fáil amach gur féidir cuimilteáin agus priontaí maithe a dhéanamh de dhromchlaí corracha | agus triail a bhaint as réimse ábhar agus uirlisí | |
| **Spás**<br>Na réimsí thart ar chodanna difriúla de chomhdhéanamh, laistigh díobh agus idir eatarthu. | breathnú ar agus léiriú a thabhairt ar an gcaoi a líonann daoine agus réada spás (m.sh. duine *laistigh* de theach nó na néalta *thuas* sa spéir nó cat *thíos faoi* bhord) in ealaín 2T agus 3T<br>tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi ar féidir spásanna a chruthú agus a eagrú trí réada a leagan síos | iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a líonann daoine agus réada spás (m.sh. duine *laistigh* de theach nó na néalta *thuas* sa spéir nó cat *thíos faoi* bhord) agus braistint chomhréire a léiriú (m.sh. go bhfuil an cat *níos lú* ná an bord)<br>struchtúir a chruthú ar féidir leo seasamh leo féin | tuiscint shimplí a aimsiú agus a thaispeáint ar dhoimhneacht agus ar pheirspictíocht trí réada i bhfad uathu a dhéanamh níos lú agus iad a chur ar leathanach eile atá níos airde le taispeáint go bhfuil siad níos faide i gcéin<br>iniúchadh a dhéanamh ar chomhréir agus scála réad taobh lena chéile (m.sh. go bhfuil teach dhá stór 5-6 oiread níos airde ná an duine atá ina sheasamh taobh leis)<br>samhlacha a dhearadh agus a chruthú le spásanna ar féidir leo seasamh leo féin | an tosach, an meánraon agus an cúlra a thaispeáint chun seachmall na doimhneachta a thabhairt trí réada a fhorluí nó trí scáthanna agus dearcadh a chruthú trí réada i bhfad uathu a dhéanamh níos lú agus níos gaire do bharr an leathanaigh, agus cruthanna agus línte a bhogadh níos gaire dá chéile nó níos faide óna chéile, chomh maith le bun na spéire a bhogadh<br>machnamh a dhéanamh ar léiriú an spáis sa chúlra i seat leathan, i seat meánfhada nó i seat gar-amhairc<br>tuiscint a fháil ar chomhréir bhunúsach an duine agus í a chur i bhfeidhm m.sh. ba cheart gurb ionann an spás idir an dá shúil agus leithead súile amháin nó go |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | mbeadh an gnáthdhuine fásta 7-8 gcloigne ar airde<br>samhlacha a dhearadh agus a chruthú le spásanna éagsúla oscailte agus dúnta ar féidir leo seasamh leo féin |

## Aguisín B: Achoimre ar dhul chun Cinn na gcoincheap i nDráma

| Coincheap | Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 | Céim 4 |
|---|---|---|---|---|
| **Plota**<br>Céard a tharlaíonn sa dráma | úsáid a bhaint as ábhar ina ndéantar iniúchadh ar réimse téamaí agus ábhair, a théann isteach i gcás ficseanúil agus a ghlacann páirt i ngníomhaíocht an dráma, ina ndéantar iniúchadh ar sheiteanna ó scéalta (scéalta coitianta, scéalta a cuireadh i dtreo eile nó scéalta a thagann chun cinn le linn ceachta) | úsáid a bhaint as ábhar ina ndéantar iniúchadh ar réimse téamaí agus ábhair, a théann isteach i gcás ficseanúil agus atá tiomanta do ghníomhaíocht an dráma, ina bhfreagraítear do sheiteanna ó scéalta (scéalta coitianta, scéalta a cuireadh i dtreo eile nó scéalta a thagann chun cinn le linn ceachta), machnamh a dhéanamh ar chúis agus éifeacht na gníomhaíochta | úsáid a bhaint as ábhar ina ndéantar iniúchadh ar réimse téamaí agus ábhair, a théann isteach i gcás ficseanúil agus atá tiomanta do ghníomhaíocht an dráma<br><br>cúis agus éifeacht i gcleachtas a aithint, machnamh a dhéanamh ar struchtúr an phlota agus ar na hamanna is suntasaí laistigh den scéal agus léirthuiscint a fháil gurb í an chuid eile de na coincheapa i ndráma atá in ann an scéal a shaibhriú, agus cén chaoi a bhféadfaí é seo a roinnt trí dhrámaíocht a úsáid | úsáid a bhaint as ábhar nó ábhar a cheapadh ina ndéantar iniúchadh ar réimse téamaí agus ábhair, a théann isteach i gcás ficseanúil agus atá tiomanta do ghníomhaíocht an dráma ach cúnamh a fháil agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí dráma a dhéanamh díobh<br><br>machnamh a dhéanamh ar struchtúr an phlota agus ar na hamanna is suntasaí laistigh den scéal agus léirthuiscint a fháil gurb í an chuid eile de na coincheapa i ndráma atá in ann an scéal a shaibhriú agus an dráma a chur chun cinn, tionchar an chultúir agus na féiniúlachta a aithint maidir leis an gcaoi a n-insítear scéalta |
| **Ról/Carachtar**<br>Róil agus carachtair sa dráma, an chaoi a | tiomnú do ról ficseanúil, éisteacht le agus freagairt do ról agus do charachtair eile ina róil, meon, guth nó staid mhothúchánach an | tiomnú do ról ficseanúil agus fócas a choinneáil sa ról, éisteacht le agus freagairt do dhaoine eile ina róil, meon, guth nó | tiomnú d'fhócas a choinneáil sa ról, éisteacht le agus freagairt do dhaoine eile ina róil, machnamh a dhéanamh ar shaol inmheánach agus seachtrach an charachtair, | tiomnú do ról fócas a choinneáil ann, éisteacht le agus freagairt do dhaoine eile ina róil, meon, guth nó staid mhothúchánach an charachtair a chur in iúl, úsáid a |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| mbreathnaíonn siad/a ngluaiseann siad/a bhfuaimníonn siad/a n-iomraíonn siad agus an gaol atá acu lena chéile. | charachtair a chur in iúl, úsáid a bhaint as comharthaíocht choirp (m.sh. iompar an choirp, gothaí, gotha gnúise, seasamh) agus leibhéil agus ton éagsúil an ghutha | staid mhothúchánach an charachtair a chur in iúl, úsáid a bhaint as comharthaíocht choirp (m.sh. iompar an choirp, gothaí, gotha gnúise, seasamh) agus leibhéil agus ton éagsúil an ghutha | meon, guth nó staid mhothúchánach an charachtair a chur in iúl, úsáid a bhaint as comharthaíocht choirp (m.sh. iompar an choirp, gothaí, gotha gnúise, seasamh) agus leibhéil agus ton éagsúil an ghutha | bhaint as comharthaíocht choirp (m.sh. iompar an choirp, gothaí, gotha gnúise, seasamh) agus leibhéil agus ton éagsúil an ghutha, idirdhealú a dhéanamh idir steiréitíopaí agus carachtair bharántúla, anailís a dhéanamh ar an gcúlra, ar spreagadh, agus ar chaidrimh na gcarachtar ficseanúil agus neamhfhicseanúil |
| Áit/Spás Suíomh an dráma agus an chaoi a ndéantar é seo a shiombalú. | ligean orthu féin go bhfuil siad i suíomh an dráma, ach úsáid a bhaint as réada simplí agus as prapaí chun áit agus spás a léiriú dóibh féin | ligean orthu féin go bhfuil siad i suíomh an dráma, ach úsáid a bhaint as réada simplí agus as prapaí chun áit agus spás a léiriú dóibh féin agus do dhaoine eile a d'fhéadfadh féachaint ar an dráma | suíomh soiléir a bhunú trí úsáid a bhaint as réada, prapaí agus troscán simplí chun áit agus spás a léiriú, ach fócas a choinneáil agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a líonann na carachtair an spás, machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh daoine eile féachaint ar an dráma | suíomh soiléir a bhunú trí úsáid a bhaint as réada, prapaí agus troscán simplí chun áit agus spás a léiriú, ach fócas a choinneáil agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a líonann na carachtair an spás, machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh daoine eile féachaint ar an dráma, agus é seo a chur in oiriúint do lucht féachana eile |
| **Am** Tréimhse ama, am den lá, tréimhse nó seicheamh na gníomhaíochta. | tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil aimsir chaite, láithreach agus fháistineach ag baint le scéalta, a bheith feasach ar an tréimhse ama agus go bhfuilimid in ann bogadh trí réanna ó chuid amháin den scéal go ceann eile | tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil aimsir chaite, láithreach agus fháistineach ag baint le scéalta, a bheith feasach ar an tréimhse ama (m.sh. aimsir chaite, láithreach, fháistineach), achar ama (m.sh. uair amháin an | machnamh a dhéanamh ar shuntas na tréimhse ama (m.sh. meánaoiseanna), an t-am den lá (m.sh. lár na hoíche), an t-achar ama (m.sh. cúig bliana), go bhfuil aimsir chaite, láithreach agus fháistineach ag baint le scéalta agus carachtair agus go bhfuilimid | machnamh a dhéanamh ar fhad an dráma, ar shuntas na tréimhse ama (m.sh. céad bliain sa todhchaí), an t-am den lá (m.sh. an chéad rud ar maidin), an t-achar ama (m.sh. deich mbliana), go bhfuil aimsir chaite, láithreach agus fháistineach ag baint le scéalta agus carachtair agus go |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | chloig/bliain amháin), am den lá (m.sh. 3am) agus go bhfuilimid in ann bogadh trí réanna ó chuid amháin den scéal go ceann eile | in ann bogadh trí réanna ó chuid amháin den scéal go ceann eile | bhfuilimid in ann bogadh trí réanna ó chuid amháin den scéal go ceann eile |
| **Teannas** Aincheist, coinbhleacht, saincheist, fadhb, rúndiamhair nó teannas. | páirt a ghlacadh i saincheisteanna a thagann aníos sa dráma agus creidiúint sa rúndiamhair nó sa teannas a choinneáil, rúndiamhair nó teannas atá in ann teacht i láthair de réir mar a théann an dráma ar aghaidh | páirt a ghlacadh i saincheisteanna a thagann aníos sa dráma agus creidiúint sa rúndiamhair nó sa teannas a choinneáil, rúndiamhair nó teannas atá in ann teacht i láthair de réir mar a théann an dráma ar aghaidh | páirt a ghlacadh i saincheisteanna agus gnéithe a chuireann le rúndiamhair nó teannas i ndráma a shainaithint, ag cruthú teannais nó ag freagairt dó, a thagann aníos idir carachtair nuair a chuireann siad luach ar rudaí éagsúla nó nuair na rudaí sin uathu, machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nó cinntí a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le teacht ar réiteach | páirt a ghlacadh i saincheisteanna a chuireann an dráma ar aghaidh agus iad a chruthú, gnéithe a chuireann le rúndiamhair nó teannas i ndráma a shainaithint, ag cruthú teannais nó ag freagairt dó, a thagann aníos idir carachtair nuair a chuireann siad luach ar rudaí éagsúla nó nuair na rudaí sin uathu, nó nuair a bhíonn dearcthaí difriúla ag na carachtair, machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí nó cinntí a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le teacht ar réiteach |
| **Gluaiseacht** Úsáid an choirp maidir le hiniúchadh agus cur in iúl | freagairt go samhlaíoch agus rudaí a chruthú trí ghluaiseacht i leith spreagthaí (m.sh. focail, scéalta, dánta, pictiúir, ceol), iniúchadh a dhéanamh ar ghluaiseachtaí codanna difriúla den chorp agus ar na bealaí ar féidir leis an | freagairt go samhlaíoch agus rudaí a chruthú trí ghluaiseacht i leith spreagthaí (m.sh. focail, scéalta, dánta, pictiúir, ceol), iniúchadh a dhéanamh ar ghluaiseachtaí codanna difriúla den chorp agus ar na bealaí ar féidir leis an | freagairt go samhlaíoch trí ghluaiseacht i leith spreagthaí, iniúchadh a dhéanamh ar ghluaiseachtaí codanna difriúla den chorp agus ar na bealaí ar féidir leis an gcorp bogadh i spás in éineacht le daoine eile nó gan iad ag úsáid comharthaí coirp amhail taisteal, leibhéil, gothaí agus socracht, chun réimse | freagairt go samhlaíoch agus rudaí a dhearadh trí ghluaiseacht i leith spreagthaí, iniúchadh a dhéanamh ar ghluaiseachtaí codanna difriúla den chorp agus ar na bealaí ar féidir leis an gcorp bogadh i spás in éineacht le daoine eile nó gan iad ag úsáid comharthaí coirp amhail taisteal, leibhéil, gothaí agus socracht, léirthuiscint a fháil |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | gcorp bogadh i spás in éineacht le daoine eile nó gan iad ag úsáid comharthaí coirp simplí amhail taisteal, leibhéil, gothaí agus socracht | gcorp bogadh i spás in éineacht le daoine eile nó gan iad ag úsáid comharthaí coirp simplí amhail taisteal, leibhéil, gothaí agus socracht chun réimse meonta agus mothúchán a chur in iúl | meonta agus mothúchán a chur in iúl, agus léirthuiscint a fháil ar ghluaiseacht mar bhealach chun rudaí a chur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh agus chun caidrimh a dhéanamh le daoine eile | ar ghluaiseacht mar bhealach chun rudaí a chur in iúl agus cumarsáid a dhéanamh agus caidrimh a dhéanamh le daoine eile, léirthuiscint a fháil ar na gnéithe aeistéitiúla agus ealaíonta den ghluaiseacht |
| **Fuaim** Úsáid fuaimeanna maidir le hiniúchadh agus cur in iúl. | iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le fuaim an radharc a réiteach, cur leis an atmaisféar ach éifeachtaí fuaime, guth agus ceol agus/nó ciúnas a úsáid | iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le fuaim an radharc a réiteach i ndráma, an radharc a réiteach, cur leis an atmaisféar ach éifeachtaí fuaime, guth agus ceol agus/nó ciúnas a úsáid | iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir fuaim a chur i bhfeidhm chun scéalaíocht a shaibhriú sa dráma; an radharc a réiteach, cur leis an atmaisféar ach éifeachtaí fuaime, guth agus ceol, teicneolaíochtaí digiteacha agus/nó ciúnas a úsáid | iniúchadh a dhéanamh ar fhuaimeanna agus fuaimeanna a chruthú is féidir a chur i bhfeidhm chun scéalaíocht a shaibhriú sa dráma; an radharc a réiteach, cur leis an atmaisféar ach éifeachtaí fuaime, guth agus ceol, teicneolaíochtaí digiteacha agus/nó ciúnas a úsáid |

## Aguisín C: Achoimre ar Dhul chun Cinn na gCoincheap i gCeol

| Coincheap ceoil | Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 | Céim 4 |
|---|---|---|---|---|
| **Buille**<br>'Buille an chroí' bunúsach is féidir a bhrath i gceol, ar a dtugtar 'buille leanúnach' go minic.<br><br>*Bogadh m.sh. Bualadh Bos, Tapáil, Máirseáil, Cluichí amhránaíochta, Damhsa agus saorghluaiseacht* | an buille seasta i gceol a aimsiú agus a léiriú trí ghluaiseacht | an buille seasta a léiriú trí ghluaiseacht agus trí am a choinneáil le ceol<br><br>buillí láidre agus laga a aimsiú agus a léiriú trí ghluaiseacht trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh agus ag seinm | an buille seasta a aithint agus a léiriú trí ghluaiseacht agus trí am a choinneáil le ceol<br><br>ceol a aimsiú, a aithint agus a léiriú le buillí láidre agus laga atá ar aon dul le damhsaí ón bpobal áitiúil, ó Éirinn agus ó chomhthéacsanna cultúrtha a bhfuil cur amach orthu trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh agus ag seinm<br><br>an difríocht idir buille agus rithim a aimsiú | tuiscint a léiriú ar bhuille trí ghluaiseacht agus trí am a choinneáil leis an gceol<br><br>ceol a aimsiú agus a aithint le buillí suntasacha láidre agus laga atá ar aon dul le damhsaí ón bpobal áitiúil, ó Éirinn agus ó chomhthéacsanna cultúrtha a bhfuil/nach bhfuil cur amach orthu trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh agus ag seinm<br><br>an difríocht idir buille agus rithim a léiriú |
| **Luas**<br>Luas an bhuille i gceol (tapa/mall).<br><br>*Bogadh m.sh. Bualadh Bos, Máirseáil, Cluichí amhránaíochta, Damhsa agus saorghluaiseacht* | an difríocht idir ceol tapa agus mall a aimsiú agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh agus ag seinm | an difríocht idir ceol tapa agus mall a léiriú, a thuiscint, agus a idirdhealú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh agus ag seinm<br><br>an chaoi a bhfuil ceol in ann éirí níos tapa agus níos moille go tobann a aimsiú, | an difríocht idir tapa agus mall a léiriú, a thuiscint, agus a idirdhealú i gceol trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh agus ag seinm<br><br>an chaoi a bhfuil ceol in ann éirí níos tapa agus níos moille de réir a chéile agus go tobann a aimsiú agus a aithint | tuiscint a léiriú ar cheol tapa/níos tapa agus ar cheol mall/níos moille trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh, ag seinm, agus ag nótáil le siombailí agus/nó le nodaireacht chaighdeánach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | a aithint agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh agus ag seinm | an chaoi ar féidir luas a úsáid go bríomhar a aimsiú, a aithint agus a léiriú | an chaoi ar féidir luas a úsáid go bríomhar a aithint, a léiriú agus a mhíniú |
| **Fad**<br>Fad na bhfuaimeanna (fada/gearr). D'fhéadfadh go gcuimseofaí fuaimeanna agus tostanna le rithimí a mhaireann achair éagsúla.<br><br>*Bogadh m.sh. Bualadh Bos, Máirseáil, Cluichí amhránaíochta, Damhsa agus saorghluaiseacht* | fuaimeanna níos faide agus níos giorra a aimsiú agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh agus ag seinm<br><br>éisteacht le rithimí simplí, aithris a dhéanamh orthu, iad a chruthú agus a léiriú le gluaiseacht agus dá huireasa | fuaimeanna fada/níos faide, gearra/níos giorra, fuaimeanna atá mar a chéile agus tostanna a léiriú, a thuiscint agus a idirdhealú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí<br><br>éisteacht le rithimí simplí, aithris a dhéanamh orthu, iad a chruthú agus a léiriú le gluaiseacht agus dá huireasa<br><br>rithim amhrán gus tondathanna a bhfuiltear ar an eolas fúthu a aimsiú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh agus ag seinm | fuaimeanna fada/níos faide, gearra/níos giorra, fuaimeanna atá mar a chéile agus tostanna a léiriú, a thuiscint agus a idirdhealú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach<br><br>éisteacht le réimse rithimí, aithris a dhéanamh orthu, iad a chruthú agus a léiriú le gluaiseacht agus dá huireasa<br><br>rithim amhrán agus tondathanna simplí a aimsiú, a aithint agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach | fuaimeanna fada/níos faide, gearra/níos giorra, fuaimeanna atá mar a chéile agus tostanna a léiriú, a thuiscint agus a idirdhealú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh (le siombailí rithime nó dá n-uireasa), ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach<br><br>éisteacht le réimse rithimí, aithris a dhéanamh orthu, iad a chruthú, iad a leathnú agus a léiriú le gluaiseacht agus dá huireasa<br><br>rithimí amhrán agus tondathanna simplí a aimsiú, a aithint agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach |
| **Tuinairde** | fuaimeanna arda, ísle agus fuaimeanna atá | fuaimeanna arda/níos airde, íseal/níos ísle, | fuaimeanna arda/níos airde, ísle/níos ísle, agus fuaimeanna | fuaimeanna arda/níos airde, ísle/níos ísle, agus fuaimeanna |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Fuaim/fuaimeanna atá ar ardchaighdeán nó atá ar chaighdeán íseal.<br><br>*Ag bogadh m.sh. Searradh, Cromadh, Gothaí, Comharthaí láimhe, Cluichí amhránaíochta, Damhsa agus saorghluaiseacht ar fud leibhéil éagsúla* | mar a chéile ó amhráin a bhfuil cur amach orthu a aimsiú agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh agus ag seinm<br><br>amhráin agus tondathanna simplí a chanadh le gluaiseacht/dá huireasa | fuaimeanna atá mar a chéile ó amhráin a bhfuil cur amach orthu a léiriú, a thuiscint agus a idirdhealú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí<br><br>amhráin shimplí a chanadh, agus éisteacht le tondathanna simplí, aithris a dhéanamh orthu agus iad a chruthú le gluaiseacht/dá huireasa (m.sh. glao agus freagairt)<br><br>Imlíne amhrán agus tondathanna a bhfuil cur amach orthu a aimsiú agus a léiriú trí ghluaiseacht | atá mar a chéile a léiriú, a thuiscint agus a idirdhealú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh (le sólfá/dá uireasa), ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach<br><br>réimse amhrán a chanadh, agus éisteacht le réimse tondathanna, aithris a dhéanamh orthu agus iad a chruthú le gluaiseacht/dá huireasa<br><br>imlíne amhrán agus tondathanna simplí a aimsiú, a aithint agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach | atá mar a chéile a léiriú, a thuiscint agus a idirdhealú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh (le sólfá/dá uireasa), ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach<br><br>réimse amhrán a chanadh agus éisteacht le réimse tondathanna, aithris a dhéanamh orthu agus iad a chruthú le gluaiseacht/dá huireasa<br><br>imlíne amhrán agus tondathanna simplí a aimsiú, a aithint agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach |
| **Dinimic**<br>Cáilíocht ard/shéimh na bhfuaimeanna/an cheoil.<br><br>*Bogadh m.sh. Bualadh Bos, Máirseáil, Úsáid gothaí láimhe, Cluichí amhránaíochta, Damhsa* | an difríocht idir ceol ard agus séimh a aimsiú agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag cruthú, ag canadh agus ag seinm | ceol ard agus séimh a léiriú, a thuiscint agus a idirdhealú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí | fuaimeanna arda agus séimhe i gceol a léiriú, a thuiscint agus a idirdhealú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag cruthú, ag casadh, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach | tuiscint a léiriú agus a úsáid ar cheol ard/níos airde agus séimh/níos séimhe trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag cruthú, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| *agus saorghluaiseacht – fórsa agus fuinneamh a thaispeáint* | | an chaoi a bhfuil ceol in ann éirí níos airde agus níos séimhe (go tobann) a aimsiú, a aithint agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag cruthú, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí | an chaoi a bhfuil ceol in ann éirí níos airde agus níos séimhe (de réir a chéile agus go tobann) a aimsiú, a aithint agus a léiriú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag cruthú, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach<br><br>an chaoi ar féidir dinimic a úsáid go bríomhar a aimsiú, a aithint agus a léiriú | an chaoi ar féidir dinimic a úsáid go bríomhar a aithint, a mhíniú agus a léiriú |
| **Struchtúr**<br>Eagraíocht iomlán a bhaineann le píosa ceoil, a chruthaítear le codarsnacht agus athsheinm.<br><br>*Bogadh m.sh. Gothaí láimhe, Cluichí amhránaíochta, Damhsa, Saorghluaiseacht* | an difríocht idir 'tosaigh' agus 'stop' a aimsiú agus a léiriú, chomh maith leis an difríocht idir 'tús' agus 'deireadh' i gceol<br><br>glao agus freagairt cheolmhar a thuiscint agus páirt a ghlacadh ann | an difríocht idir tús, lár agus deireadh i gceol a aimsiú agus a léiriú trí bheith ag canadh, ag seinm, trí ghluaiseacht agus le nodaireacht ghrafach/siombailí<br><br>codanna agus míreanna a thagann aníos arís agus arís eile agus cinn atá an-difriúil óna chéile a aimsiú agus a léiriú i gceol trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag cruthú, ag canadh, ag seinm agus ag nótáil le | an tús, lár agus deireadh i gceol a léiriú, a thuiscint agus a idirdhealú trí bheith ag éisteacht, ag bogadh, ag canadh, ag seinm, ag cruthú agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach<br><br>codanna agus míreanna a thagann aníos arís agus arís eile agus cinn atá difriúil óna chéile, mar aon le struchtúr véarsa-curfá, a aimsiú, a aithint agus a léiriú i gceol trí bheith ag bogadh, ag casadh, ag | struchtúir shimplí a thuiscint, a shainaithint agus a úsáid (m.sh. ABA, sa chás ina seasann A don chéad chuid agus B don dara cuid atá codarsnach)<br><br>codanna agus míreanna a thagann aníos arís agus arís eile agus cinn atá difriúil óna chéile a aithint, a mhíniú agus a léiriú i bpíosaí ceoil atá níos faide trí bheith ag bogadh, ag casadh, ag cruthú agus ag nótáil le siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | siombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach | cruthú agus ag nótáil le siombailí | |
| **Tondath**<br>Fuaim/fuaimeanna uathúla agus saintréitheacha arna ndéanamh ag foinsí fuaime éagsúla atá nádúrtha/ionstraimeach/digiteach (m.sh. ó bhéal, le pianó, le feadóg stáin, le druma).<br><br>*Bogadh m.sh. Cnagcheol colainne, Bualadh bos, Cluichí amhránaíochta, Siúlóidí dúlra, Damhsa, Saorghluaiseacht* | an difríocht idir labhairt agus canadh a aimsiú agus a léiriú<br><br>fuaimeanna sa timpeallacht nádúrtha agus sa timpeallacht aimsithe a aimsiú, a rangú agus cur síos a dhéanamh orthu<br><br>triail a bhaint as fuaimeanna agus fuaimeanna a dhéanamh ach úsáid a bhaint as réimse foinsí fuaime | aimsiú, léiriú, triail a bhaint as, déanamh agus úsáid a bhaint as réimse cnagcheoil agus fuaimeanna colainne<br><br>fuaimeanna ionstraimeacha atá an-difriúil óna chéile a aimsiú agus a rangú (m.sh. triantán, druma) | fuaimeanna agus uirlisí éagsúla a léiriú, a thuiscint, a rangú agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu<br><br>maidir leis an gcaoi ar féidir le fuaimeanna agus uirlisí éagsúla réimse mothúchán agus smaointe a thabhairt le fios agus a chur in iúl, an chaoi sin a aithint agus a léiriú | fuaimeanna, uirlisí agus finte uirlisí éagsúla a léiriú, a thuiscint, a rangú agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu<br><br>maidir leis an gcaoi ar féidir le fuaimeanna agus uirlisí éagsúla réimse mothúchán agus smaointe a thabhairt le fios agus a chur in iúl le haghaidh réimse cuspóirí, an chaoi sin a aithint, a mhíniú agus a léiriú |
| **Uigeacht**<br>Céimniú na fuaime i gceol (aonréad (aoncheol) /roinnt foinsí fuaime ag an am céanna).<br><br>*Bogadh m.sh. Cnagcheol colainne, Bualadh bos, Cluiche amhránaíochta, Damhsa, saorghluaiseacht* | ceol agus fuaimeanna ó fhoinse amháin agus ó níos mó ná foinse amháin lena ngabhann tondathanna atá an-éagsúil óna chéile sa timpeallacht nádúrtha agus sa timpeallacht de dhéantús an duine a aimsiú, a léiriú agus a rangú | ceol agus fuaimeanna ó fhoinse amháin agus ó níos mó ná foinse amháin lena ngabhann tondathanna atá an-éagsúil óna chéile (m.sh. guth agus pianó) a aimsiú, a léiriú agus a rangú<br><br>amhráin shimplí a chanadh lena ngabhann ostinato | difríochtaí idir fuaimeanna ó fhoinse fuaime amháin agus ó níos mó ná foinse amháin a aimsiú, a léiriú, a thuiscint, agus a shainaithint, ó amharc (ó shiombailí) nó ón gcluas (le linn dóibh a bheith ag éisteacht) | fuaimeanna aonair ó fhoinse fuaime amháin nó níos mó ná foinse amháin a léiriú, a thuiscint agus a aithint, ó amharc (ó shiombailí agus/nó nodaireacht chaighdeánach) nó ón gcluas (le linn dóibh a bheith ag éisteacht)<br><br>amhráin, amhráin pháirtí agus/nó canónacha a chanadh le gluaiseacht |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | amhráin shimplí a chanadh in éineacht le gluaiseachtaí bunúsacha | agus/nó gluaiseacht bhunúsach | amhráin shimplí pháirtí agus/nó canónacha a chanadh le gluaiseacht | |

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment